



Oifig an Ard-Reachtair **Cuntas agus Ciste**

Piarmheasúnú **Seachtrach**

Tuarascáil

An 18 Bealtaine 2020



Clár na nÁbhar

	Leathanach
1 Piarmheasúnú — Príomhchonclúidí	5
2 Réamhrá	9
2.1 Fianaise a bhailiú	10
2.2 Measúnú feidhmíochta	10
2.3 Buíochas	10
3 Neamhspleáchas agus Sainordú	11
4 Rialachas Inmheánach agus Seirbhísí Tacaíochta	15
4.1 Timthriall pleanála	16
4.2 Timpeallacht rialaithe eagraíochtúil	16
4.3 Ceannaireacht agus cumarsáid inmheánach	19
4.4 Cuir Amach ar Conradh	21
4.5 Bainistíocht airgeadais, sócmhainní agus seirbhísí tacaíochta	22
5 Caighdeán agus Tuairisciú Iniúchta	23
5.1 Iniúchadh airgeadais	23
5.2 Iniúchadh feidhmíochta	32
6 Acmhainní Daonna agus Oiliúint	42
6.1 Bainistíocht Acmhainní Daonna	42
6.2 Forbairt agus Oiliúint Ghairmiúil	47
7 Cumarsáid agus Bainistíocht Páirtithe Leasmhara	50
larscríbhinn A Foinsí fianaise	55

Giorrúcháin a úsáidtear sa tuarascáil seo

AC&C	An tArd-Reachtair Cuntas agus Ciste
AD	Acmhainní Daonna
TFC	Teicneolaíocht Faisnéise agus Cumarsáide
EIUI	An Eagraíocht Idirnáisiúnta Uasfhoras Iniúcháireachta
CIUI	Caighdeán Idirnáisiúnta d'Uasfhorais Iniúcháireachta
ONSC	An Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte
OARCC	Oifig an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste
OPOFR	Oifig Phríomh-Oifigeach Faisnéise an Rialtais
CCP	An Coiste um Chuntais Phoiblí
UFI	An tUasfhoras Iniúcháireachta. Is eintitis neamhspleácha Rialtais iad Uasfhorais Iniúcháireachta a bhfuil a ról <i>iniúchta</i> seachtraigh bunaithe leis an mbunreacht nó leis an gcomhlacht reachtóireachta <i>uachtaraí</i> i dtír.
CRT UFI	Creat de Thomhas Feidhmíochta UFI



1 Piarmheasúnú — Príomhchonclúidí

1. Is é misean an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste (AC&C) dearbhú neamhspleách a sholáthar go mbíonn cistí agus acmhainní poiblí in úsáid de réir an dlí, a mbainistiú go héifeachtach agus go cuí agus:

- tuairimí iniúchta a eisiúint maidir le cuntais ranna rialtais agus comhlachtaí poiblí;
- tuarascálacha a fhoilsiú maidir le nithe tábhachtacha roghnaithe de réir a rogha féin a bhaineann le luach ar airgead agus riaradh cistí poiblí; agus
- scaoileadh cistí Stáitchiste chun críocha sonraithe de réir dlí a údarú, faoi fheidhm an reachtaire.

2. Le linn dó an ról ríthábhachtach seo a chur i gcrích, faigheann an AC&C tacaíocht óna Oifig (OARCC nó “an Oifig”) ina bhfuil thart ar 174 comhalta foirne¹ chun raon leathan táirgí a chur i dtoll a chéile, go háirithe iniúchtaí airgeadais Chuntais Leithreasa ranna Rialtais na hÉireann, agus go leor gníomhaireachtaí agus institiúidí Éireannacha a fhaigheann maoiniú poiblí. Chomh maith leis sin, cuireann OARCC tuarascálacha feidhmíochta iniúchta i dtoll a chéile maidir le comhlachtaí Rialtais a mbíonn úsáid á baint acu as acmhainní poiblí agus foilsítear iad mar Thuarascálacha Speisialta nó Caibidlí laistigh de Thuarascáil an AC&C maidir le Cuntais na Seirbhísí Poiblí. Soláthraíonn na gníomhaíochtaí seo dearbhú do pháirtithe leasmhara, an tOireachtas agus an pobal ina measc, agus tacaíonn siad le cuntasacht agus le feidhmíocht na gcomhlachtaí lena mbaineann.

Cé a dhéanann iniúchadh ar na hiniúcháirí?

3. Eagraíonn an AC&C iniúchadh airgeadais neamhspleách ar a Oifig gach bliain, de réir mar a bheifí ag súil leis. Chomh maith leis sin, áfach, is gnáthnós é anois go gcuirfeadh forais iniúcháireachta náisiúnta iad féin faoi réir ag measúnú seachtrach neamhspleách, go deonach ó am go ham, ar a bhfeidhmíocht i gcomparáid le caighdeán idirnáisiúnta agus dea-chleachtas, i bhfoirm “piarmheasúnú” go minic — athbhreithniú a dhéanfaidh daoine ó fhorais iniúcháireachta eile nó a bhfuil neart taithí acu i bhforais iniúcháireachta eile. Is cleachtadh den chineál sin é an tuarascáil seo, lena bhfuil gealltanas tugtha in “Ráiteas Straitéise 2016-2020” OARCC á chomhlíonadh.
4. Reáchtáladh an piarmheasúnú de réir na dtreoirlínte piarmheasúnaithe idirnáisiúnta² trí úsáid a bhaint as Creat Bainistíochta Feidhmíochta UFI³ forbartha ag an gcomhlacht idirnáisiúnta iomchuí, EIUFI, agus coigeartaithe ag an bhfoireann piarmheasúnaithe i gcomhar leis an AC&C d’imthosca sonracha na hOifige. Rinneamar athbhreithniú ar gach ceann den sé fhearann laistigh den chreat a chlúdaíonn neamhspleáchas na hOifige, a feidhmeanna rialachais inmheánaigh agus tacaíochta, a caidreamh le páirtithe leasmhara seachtracha agus a príomhtháirgí: na tuarascálacha airgeadais agus iniúchta feidhmíochta. Bhí dhá phríomhchuspóir⁴ ag an bhfoireann: piarmheasúnaithe agus idirnáisiúnta a bhí ina bhun:

¹ Meánlíon comhaltaí foirne in 2019.

² Creat Idirnáisiúnta EIUFI de Chinntí Gairmiúla – Treoirlínte Piarmheasúnaithe GUID 1900

³ www.idi.no

⁴ Féach ar an larscríbhinn

- béim a leagan ar chuntasacht agus ar thrédhearcacht eagraíochtúil, ar gnéithe tábhachtacha de chreidiúnacht OARCC iad; agus
 - eolas a chur ar fáil le haghaidh treo straitéiseach OARCC (agus go háirithe an chéad bhabhta pleanála straitéisí eile a bhfuil tús le cur leis i mbliana), trí úsáid a bhaint as taithí na foirne agus an scrúdú atá déanta acu ar an Oifig.
5. Sa Tuarascáil seo, tá ár dtuairimí iomlánaíocha maidir leis an Oifig tugtha againn mar aon le measúnú ar a feidhmíocht maidir le gach ceann den sé fhearann.

Conclúid fhoriomlán

6. Ar an iomlán, chinneamar go bhfuil caighdeán agus dea-chleachtais idirnáisiúnta á gcomhlíonadh ag OARCC nó comhlíonta a bheag nó a mhór, de réir mar atá leagtha amach i gCreat Tomhas Feidhmíochta EIUFI. Thugamar bearnaí agus easnaimh faoi deara i roinnt réimsí agus tá moltaí curtha faoi bhráid OARCC againn chun cúrsaí a chur ina gceart. D'fháiltigh an Oifig roimh thorthaí ár gcuid oibre agus glacadh leis na moltaí ar fad a rinneamar.
7. Ó ghlac an Oifig le caighdeán idirnáisiúnta (ar a dtugtar CIUFlanna⁵) le haghaidh iniúchta, tá siad curtha i bhfeidhm go dúthrachtach ag OARCC ina cleachtais iniúchta agus tuairiscithe airgeadais (iniúchadh feidhmíochta) agus ina rialachas inmheánach. Inár dtuairim, tá ardleibhéal comhlíontachta leis na CIUFlanna bainte amach ag an Oifig. Os a choinne sin, is áit oibre atá ag feidhmiú go maith é OARCC. Tá an fhoireann gairmiúil, cáilithe, díograiseach, spreagtha agus á treorú go héifeachtach. Bhí ardmheas ar an Oifig ag páirtithe leasmhara a chuireamar faoi agallamh. Bhí siad den tuairim go raibh an Oifig neamhspleách agus an-ghairmiúil agus go raibh a cuid tuarascálacha dea-scríofa. Tá dul chun cinn suntasach déanta ag OARCC ó rinneadh an piarmheasúnú deiridh in 2008. Tá go leor láidreachtaí ag an Oifig agus tá bonnsraith mhaith cruthaithe don todhchaí. Tagann na láidreachtaí seo chun soiléire sa tuarascáil seo agus tá fianaise orthu le feiceáil sna fearainn éagsúla a bhfuil measúnú déanta againn orthu.

Crosbhóthar

8. Ach chomh maith leis, sílimid go bhfuil an eagraíocht ag crosbhóthar anois, ag dul i ngleic le roghanna le déanamh atá riachtanach don todhchaí agus do threo na heagraíochta amach anseo de réir mar bheidh sí ag forbairt, agus ag an am céanna go gcaithfear leanúint ar aghaidh leis na rudaí a bhí á ndéanamh go héifeachtach. Inár dtuairim, tá an eagraíocht réidh le tabhairt faoi athrú dearfach agus ní mór di lántairbhe a bhaint as an deis atá ar fáil. Tuigeann foireann OARCC na hathruithe seo atá le déanamh agus tuigimidne, na páirtithe leasmhara, iad freisin. É sin ráite, tá go leor le déanamh fós sular féidir le OARCC an clár oibre seo a chur i gcrích go hiomlán.
9. Bheadh bainistíocht athruithe, dá ndéanfaí go maith í, mar bhonn le OARCC a chumasú chun breisluach a sholáthar. Chuirfeadh sé seo ar chumas na hOifige freagairt níos fearr d'éilimh a páirtithe leasmhara agus ról a imirt i gcuidiú le ranna agus gníomhaireachtaí Rialtais seirbhísí poiblí níos fearr a sholáthar agus a bheith níos cuntaasaí. Ba é an dúshlán a bheadh ann an t-athrú a dhéanamh agus leanúint ar aghaidh lena príomhfheidhmeanna a sholáthar go héifeachtúil agus ar bhealach gairmiúil agus neamhspleách.

⁵ Caighdeán Idirnáisiúnta d'Uasfhorais Iniúchóireachta (CIUFI)

Céard a chiallaíonn sé seo?

10. Inár dtuairim, d'fhéadfadh caidreamh níos mó a bheith ag an Oifig leis na heintitis iniúchta. Trí chur leis an seasamh cumhachtach atá aici súil a chaitheamh ar an Rialtas trí chéile agus úsáid a bhaint as a domhaintuiscint ar chleachtas laistigh den riarachán poiblí agus an taithí atá carntha ag an riarachán sin, d'fhéadfadh OARCC breis léargais agus samplaí de dheachleachtais a chur ar fáil do na heintitis. Tá an deis agus an poitéinseal ag an Oifig níos mó a dhéanamh ná ainm a chur le cuntais agus feidhmiú mar abhcóide deachleachtas, a léargais a roinnt leis na heintitis, gan a neamhspleáchas agus hoibiachtúlacht a chur i mbaol. Chomh maith leis sin, comhaontaímid leis an tosaíocht atá sa Ráiteas Straitéise reatha maidir leis an tábhacht a bhaineann le breis acmhainne a fhorbairt chun tuilleadh Tuarascálacha Speisialta, níos fearr agus an-ábhartha, bunaithe ar thopaicí a bhaineann le barainneacht, éifeachtúlacht agus éifeachtacht a sholáthar. Agus creidimid gur féidir leis an Oifig, agus gur cheart don Oifig, a cuid táirgí a chur ar fáil ar bhealach níos tráthúla, ionas gur féidir an obair atá á déanamh ag an Oifig ar mhaithe le cuntasacht comhlachtaí poiblí a uasmhéadú. Tá príomhpháirtithe leasmhara sa Dáil agus san Fheidhmeannas ag tacú go mór leis seo.

Acmhainn agus cumas

11. An féidir leis an Oifig an méid atá curtha roimpi aici a chur i gcrích? Tá foireann inniúil agus dhíograiseach d'oibrithe gairmiúla aici atá in ann an obair a chur i gcrích. É sin ráite, baineann deacracht fós le hacmhainn agus cumas, agus ní mór déileáil leis an deacracht seo. Sa tuarascáil seo, thugamar faoi deara go bhfuil brú ar na hacmhainní atá ar fáil don Oifig, agus go dtugtar tús áite do na héilimh reachtúla a bhaineann leis an timthriall iniúchta airgeadais nuair a bhíonn acmhainní á leithdháileadh. Níl a cumhacht bhuiséadach féin ag an Oifig rud a chiallaíonn nach mór di oibriú leis na hacmhainní a chuirtear ar fáil di. Cé nach dóigh linn go gcruthaíonn sé seo aon bhagairt do neamhspleáchas na hOifige, i láthair na huaire níl na hacmhainní ag an Oifig chun sainordú níos leithne - na spriocanna ar fad atásonraithe ina Plean Straitéiseach - a chomhlíonadh.
12. Ní le hacmhainní amháin a bhaineann feidhmíocht, agus tá deiseanna tugtha faoi deara againn don Oifig a próisis iniúcháireachta a chur i gcrích ar bhealach níos éifeachtúla, agus san am céanna, foireann na hOifige a chumhachtú. D'fhéadfadh an Oifig anailís a dhéanamh ar na céimeanna éagsúla ina próisis iniúcháireachta, i gcomhairle lena foireann agus eintitis iniúchta de réir mar is cuí, chun breis éifeachtúlachta a chinntiú agus a bheith níos tráthúla chomh fada is a bhaineann lena táirgí a chur ar fáil.
13. Ainneoin go leor iarrachta eagraithe i ndáil le hoiliúint agus forbairt foirne, níl raon iomlán cumas inti ag an Oifig a theastóidh chun breis feabhais a dhéanamh i réimsí an iniúchta feidhmíochta. Ainneoin iarrachtaí a bheith déanta le déanaí chun scileanna a fhorbairt agus cur leis an tacar traidisiúnta scileanna cuntasáíochta, d'fhéadfadh gurb éard a bheadh i gceist go mbeidh scileanna eile ag teastáil ó roinnt de na táirgí ba cheart a bheith á dtáirgeadh ag an Oifig, nó ó na feidhmeanna atá á cur i gcrích aici. B'fhéidir go mbeidh ar an Oifig díriú ar conas é sin a bhaint amach, an úsáid is fearr agus is féidir a bhaint as an bhfoireann atá ag an Oifig faoi láthair, agus measúnú a dhéanamh ar na scileanna eile a d'fhéadfadh a bheith ag teastáil. Tá roinnt tuairimí agus moltaí sonraithe againn sa tuarascáil seo chun cabhrú leis an Oifig a hacmhainn agus a cumas a fhorbairt le haghaidh iniúchadh feidhmíochta.

Cultúr

14. D'fhéadfadh go mbeadh gá le hathrú cultúir san Oifig freisin. Thugamar faoi deara i rith ár bplé le páirtithe leasmhara, agus sna tuarascálacha a choimisiúnaigh an Oifig i ndáil le tuairimí páirtithe leasmhara faoin Oifig, go raibh an chuma ar an scéal go raibh drogall ar OARCC a bheith rannpháirteach leis na heintitis iniúchta ach amháin i gcás na ndiancheanglas a bhain leis an iniúchadh a chur i dtoll a chéile. Measadh gur bhain an easpa rannpháirtíochta sin le heintitis iniúchta agus le páirtithe leasmhara eile le hiarracht a bheith á déanamh neamhspleáchas OARCC a chosaint. Ach níl an dá rud comheisiach. Tá éileamh ann go mbeadh an Oifig níos oscailte do bhreis rannpháirtíochta le páirtithe leasmhara ní díreach le heintitis iniúchta ach leis an Oireachtas, leis na meáin agus leis an bpobal trí chéile. D'fhéadfaí glacadh leis seo mar cheann de na luachanna ar cheart don fhoireann agus don bhainistíocht shinsearach cabhrú leo trí dheashampla a thabhairt.



2 Réamhrá

15. Is é misean an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste (AC&C) dearbhú neamhspleách a sholáthar go mbíonn cistí agus acmhainní poiblí in úsáid de réir an dlí, á mbainistiú go héifeachtach agus á gcuntas go cuí agus ag cur le feabhsú sa riarachán poiblí. Ceanglaítear an méid seo a leanas de réir dlí ar an AC&C⁶:
- tuairimí iniúchta a eisiúint maidir le cuntais ranna Rialtais agus comhlachtaí poiblí;
 - tuarascálacha a fhoilsiú maidir le nithe tábhachtacha roghnaithe de réir a rogha féin a bhaineann le luach ar airgead agus riaradh cistí poiblí; agus
 - scaoileadh cistí Státchiste chun críocha sonraithe de réir dlí a údarú, faoi fheidhm an reachtaire.
16. Is ann d'Oifig an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste (OARCC) chun cabhrú leis an AC&C a fheidhmeanna a chur i gcrích. Is é an misean ginearálta atá aige an oiread luacha agus is féidir leis a chur le seirbhís phoiblí in Éirinn trí sheirbhísí iniúchta ar ardchaighdeán a sholáthar, a bhfuil sé mar aidhm leo an úsáid atá bhaintear as airgead agus acmhainní poiblí a fheabhsú, agus cuntasacht phoiblí a threisiú. Ba é an AC&C a choimisiúnaigh an piarmheasúnú agus bhí dhá chuspóir luaite leis:
- béim a leagan ar chuntasacht agus ar thrédhearcacht eagraíochtúil, ar gnéithe tábhachtacha de chreidiúnacht OARCC iad; agus
 - eolas a chur ar fáil do threo straitéiseach OARCC, trí thairbhe a bhaint as taithí idirnáisiúnta na foirne.
17. Foireann idirnáisiúnta a rinne an piarmheasúnú seo ar a raibh na daoine seo a leanas ag obair
- Martin Sinclair (Cathaoirleach), iar-Ard-Iniúcháir Cúnta, An Oifig Iniúcháireachta Náisiúnta, An Ríocht Aontaithe
 - Nancy Cheng, iar-Ard-Iniúcháir Cúnta, Oifig Ard-Iniúcháir Cheanada
 - Kevin Cardiff, iar-chomhalta de Chúirt Iniúcháirí na hEorpa agus iar-Ard-Rúnaí i Roinn Airgeadais na hÉireann.
18. Reáchtáladh an piarmheasúnú de réir na dtreoirlínte piarmheasúnaithe idirnáisiúnta⁷ trí úsáid a bhaint as Creat Bainistíochta Feidhmíochta UFI (CBT UFI)⁸ forbartha ag An Eagraíocht Idirnáisiúnta Uasfhoras Iniúcháireachta (EIUFI) coigeartaithe ag an bhfoireann piarmheasúnaithe i gcomhar leis an AC&C d'imthosca OARCC. ⁹ Rinneamar athbhreithniú ar gach ceann den sé fhearann laistigh den chreat a chlúdaíonn neamhspleáchas OARCC, a feidhmeanna rialachais inmheánaigh agus tacaíochta, a caidreamh le páirtithe leasmhara seachtracha agus a príomhtháirgí: na tuarascálacha airgeadais agus iniúchta feidhmíochta.

⁶ Acht an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993

⁷ Creat Idirnáisiúnta EIUFI de Chinntí Gairmiúla – Treoirlínte Piarmheasúnaithe GUID 1900

⁸ www.idi.no

⁹ Tá 25 táscaire feidhmíochta ag CBT UFI ina shé fhearann. Ní raibh sé cinn díobh infheidhme i gcás OARCC. Is trí tháscaire iad seo a bhaineann le hiniúchadh comhlíontachta, nach gcuireann OARCC i gcrích ar leithligh, agus trí tháscaire a bhaineann le UFlanna a bhfuil feidhmeanna dlíniúla acu.

2.1 Fianaise a bhailiú

19. Rinneamar an t-athbhreithniú trí agallamh a chur ar chomhaltaí foirne san OARCC i ngach ceann de na feidhmeanna iomchuí, trí agallamh a chur ar pháirtithe leasmhara seachtracha agus trí athbhreithniú a dhéanamh ar dhoiciméid iomchuí. Leagtaramach in Iarscríbhinn A na príomhfhoinsí fianaise a úsáidtear chun tacú leis na measúnuithe atá déanta ag an bhfoireann athbhreithnithe.
20. Áiríodh san athbhreithniú seo scrúdú a dhéanamh ar rogha d'iniúchtaí airgeadais agus feidhmíochta. Chomh maith leis sin, i rith an athbhreithnithe, baineadh úsáid as fianaise ó athbhreithniú seachtrach neamhspleách ar rialú cáilíochta iniúchadh airgeadais OARCC (Meitheamh 2019), agus ó athbhreithniú seachtrach neamhspleách ar lámhleabhar an iniúchta feidhmíochta (Meitheamh 2018) agus ar chomhaid an iniúchta feidhmíochta (Bealtaine 2019).

2.2 Measúnú feidhmíochta

21. Ceanglaíonn CBF UFI measúnú a dhéanamh ar fheidhmíocht CBF, trí úsáid a bhaint as an bhfianaise a bailíodh i rith an athbhreithnithe, i gcomparáid leis na critéir atá bunaithe ar Chaighdeán Idirnáisiúnta d'Uasfhórais Iniúcháireachta (CIUFlanna) agus ar dhea-chleachtais eile le haghaidh CBFanna aitheanta ag EIUFI.
22. Grádaítear measúnuithe na foirne athbhreithnithe, atá sonraithe sna conclúidí le haghaidh gach ceann den sé fhearann, mar seo a leanas¹⁰
 - Comhlíontar caighdeán CIUFI go hiomlán
 - Comhlíontar caighdeán CIUFI a bheag nó a mhór, ach tá roinnt bearnaí nó easnamh le tabhairt faoi deara
 - Tá bearnaí nó easnaimh shuntasacha ann chomh fada is a bhaineann le caighdeán CIUFI a chomhlíonadh.

2.3 Buíochas

23. Táimid fíorbhuíoch d'Oifig Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste na hÉireann, agus d'fhoireann na hOifige, as comhoibriú agus as tacú linn lenár gcuid oibre, agus gabhaimid buíochas leo. Cabhraíonn a macántacht agus a gcomhoibriú go mór linn ár gcuid oibre a chur i gcrích. Is mian liom buíochas a ghabháil leis na páirtithe ar fad, nach bhfuil ag obair in OARCC, a roinn a gcuid ama go fial linn agus a chuir go mór lenár dtuiscint ar staid agus ar fheidhmíocht OARCC.

¹⁰ Rinneadh measúnú ar fheidhmíocht i gcomparáid le gach ceann de na táscairí feidhmíochta.

3 Neamhspleáchas agus Sainordú

24. Tá neamhspleáchas fiorthábhachtach le haghaidh oibriú éifeachtach Uasfhoras Iniúcháireachta (UFI). Sonraítear i nDearbhú Líoma EIUI (CIUI 1) nach féidir neamhspleáchas a bhaint amach ach amháin má bhíonn an UFI neamhspleách ón eintiteas iniúchta agus cosanta ó thionchar ón taobh amuigh.^{11,12} Sainithníodh i nDearbhú Mheicsiceo EIUI (CIUI 10) ocht gcolún le haghaidh neamhspleáchas iniúchadh seachtrach Rialtais.¹³ Tá na téacsanna seo formhuinthe ag Comhthionól Ginearálta na Náisiún Aontaithe.¹⁴
25. Ceanglaíonn na CIUIanna go mbeadh creat bunreachtúil cuí agus éifeachtach ag UFlanna ina sonraíonn an dlí mionsonraí maidir le bunú UFI, lena n-áirítear a ról, cumhachtaí agus dualgaí.
26. Ba cheart go ndéanfaí foráil sa chreat dlí d'fheidhmiú neamhspleách an UFI, gan an riosca dáiríre nó braite go mbeifear faoi thionchar an Fheidhmeannais nó eintiteas eile. Sainithnítear i nDearbhuithe Líoma agus Mheicsiceo neamhspleáchas airgeadais, féinriail oibríochtúil agus Ceannasaí neamhspleách UFI, ar a laghad, chun an neamhspleáchas seo a bhaintamach.
27. Ba cheart go mbeadh dóthain cumhachta ag UFI ó chreat dlíthiúil a bhunaíonn a ról agus a dhéanann cur síos soiléir ar na hoibríochtaí airgeadais poiblí a bhfuil sé freagrach as iad a iniúchadh.
28. Ceanglaíonn na CIUIanna ar UFlanna sainordú sách leathan a bheith acu a chlúdaíonn gach oibríocht airgeadais poiblí (nó a bhformhór), beag beann ar conas a léirítear iad sa bhuiséad náisiúnta. Chun an sainordú seo a chur i bhfeidhm, ní mór go mbeadh an ceart ag UFI faisnéis agus doiciméid atá riachtanach dá ghníomhaíochtaí a rochtain agus a fháil. Chun eintitis iniúchta a choimeád cuntasach, ní mór go mbeadh an chumhacht ag UFlanna chun, agus go gceanglófaí orthu, a dtuarascálacha iniúchta a ullmhú, a thaisceadh agus a fhoilsiú.

Tátail

29. Bunaítear le hAirteagal 33 de Bhunreacht na hÉireann post an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste. Ceanglaíonn an Bunreacht go mbeadh an AC&C á cheapadh ag an Uachtarán, nó trí ainmniúchán ó Dháil Éireann. Tá na socruithe maidir le luach saothair, agus tionacht oifig an AC&C sonraithe in *Acht an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993*. Tá téarma an cheapacháin éiginnte ach ní mór don sealbhóir poist éirí as a c(h)úraimí nuair a shlánaíonn sé/sí 70 bliain d'aois. Roghnaíodh an sealbhóir poist reatha trí ainmniúchán ón Dáil i ndiaidh comórtas oscailte, reáchtáilte de réir an phróisis earcaíochta ginearálta le haghaidh ceapachán poiblísinsearach.¹⁵

¹¹ Faomhadh Dearbhú Líoma i rith Chomhdháil na hEagraíochta Idirnáisiúnta Uasfhoras Iniúcháireachta (EIUI) i 1977. Sainmhínítear ann saintréithe agus ceanglais le haghaidh neamhspleáchas agus feidhmiú éifeachtach UFI.

¹² CIUIanna – Caighdeán Idirnáisiúnta d'Uasfhoras Iniúcháireachta.

¹³ Faomhadh Dearbhú Mheicsiceo ag an gComhdháil EIUI in 2007.

¹⁴ Spreagann Rúin ó Chomhthionól Ginearálta na Náisiún Aontaithe 66/209 agus 69/22 Stáit chun prionsabail neamhspleáchais UFlanna mar atá sonraithe i nDearbhuithe Líoma (CIUI 1) agus Mheicsiceo (CIUI 10) a chur i bhfeidhm

¹⁵ Próiseas an Choiste um Cheapacháin Ardleibhéil.

- 30.** Soláthraíonn an Bunreacht, i dteannta le píosaí éagsúla de reachtaíocht tacaíochta, seasamh láidir neamhspleách don AC&C a bhfuil an rogha aige a mhodhanna oibre agus rialacha féin maidir le nósanna imeachta a chinneadh, agus a bhfuil pribhléidí agus díolúintí láidre aige.¹⁶ Chomh maith leis sin, foráiltear sa chreat seo le haghaidh méid suntasach tionscnaíochta agus féinrialach. Cuireadh in iúl dúinn nach bhfuil aon chúlra ann d'iarreachtaí seachtracha nó polaitiúla a bheith ag cur isteach ar phróiseas cinnteoireachta an AC&C, nó dúshlán cheart an tsealbhóra poist a thabhairt chun feidhmeanna na hOifige a fheidhmiú go hiomlán agus go saor.
- 31.** Is cuid den Státseirbhís é OARCC de réir reachta.¹⁷ Is státseirbhísigh iad na comhaltaí foirne (nach n-áirítear iontu an AC&C) a bhíonn faoi réir théarmaí agus choinníollacha na Státseirbhíse agus cloítear le nósanna imeachta caighdeánacha na Státseirbhíse i ndáil le nithe cosúil le hearcaíocht, ardú céime agus bainistíocht feidhmíochta. Tá comhaltaí foirne faoi cheangal ag Cód Caighdeán agus Iompair na Státseirbhíse.¹⁸ Is “státseirbhísigh de chuid an Stáit”, seachas “státseirbhísigh de chuid an Rialtais” iad comhaltaí foirne OARCC, áfach, rud a chiallaíonn nach mbíonn siad cuntasach d'airí Rialtais ar an mbealach céanna le formhór na státseirbhíseach. Cuireadh in iúl dúinn, i gcleachtas, go mbíonn saoirse iomlán go ginearálta ag OARCC a chinntí féin a dhéanamh maidir le líon agus grádú foirne laistigh dá buiséad comhaontaithe. Ní mór di, áfach, comhaontú a lorg ón Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, má tá sé beartaithe poist nua a chruthú ag leibhéal an Stiúrthóra Iniúchta. Chuir OARCC in iúl dúinn, mar eagraíocht bheag, go raibh buntáistí soiléire ag baint le húsáid a bhaint as struchtúir agus nósanna imeachta na Státseirbhíse chun a foireann a bhainistiú.
- 32.** Faomhann an Dáil buiséad OARCC mar chomhchuid sainaitheanta ar leithligh de bhuiséad bliantúil an Stáit. I gcleachtas, áfach, déanann OARCC, mar chuid de Státseirbhís, a buiséad a idirbheartú leis an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe (arb Aireacht iniúchta ag an AC&C í). Ní mór do OARCC, nuair a bhíonn cistí breise á lorg aici, a cás a mhíniú ar bhealach mionsonraithe don Roinn agus ní gá go n-éireodh leis an Oifig maoiniú iomlán a fháil dá tairiscint. Mar shampla, áiríodh sa socrú le haghaidh 2020 70% dá tairiscint le haghaidh maoiniú breise. Tá saoirse ag OARCC úsáid a bhaint as na cistí leithdháilte gan aon ghrinnschrúdú eile a bheith á dhéanamh ag an Roinn nó ag eintitis Rialtais eile. Cé go mbíonn an t-údarás ag an Dáil an buiséad seo a leasú ní dhearna sé a leithéid riamh.
- 33.** Bíonn OARCC cuntasach don Oireachtas as an úsáid a bhaineann sí as cistí Stáitchiste faoin gcreat reachtach céanna atá infheidhme i gcás eintiteas Rialtais. Déanann Rúnaí OARCC, arb ionann é/í agus an t-oifigeach cuntasáíochta ceaptha do OARCC, an oibleagáid seo a chomhlíonadh. Faoin reachtaíocht, tá iniúchadh OARCC le déanamh ag gnólacht san earnáil phríobháideach, atá le ceapadh ag an AC&C¹⁹ agus cuireann sé an obair riachtanach ar fad i gcrích chomh fada le deimhniú an AC&C.

¹⁶ *Acht an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993, An tAcht um an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste agus um Choistí Thithe an Oireachtais (Forálacha Speisialta), 1998*

¹⁷ *Acht an Ard-Scrúdóra 1923*

¹⁸ Cód Caighdeán agus Iompair na Státseirbhíse, foilsithe ag an Oifig um Chaighdeán in Oifigí Poiblí.

¹⁹ *Acht an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste (Leasú) a13*

- 34.** Forálann *Acht AC&C (Leasú) 1993* an bonn reachtúil don AC&C chun iniúchadh airgeadais agus feidhmíochta araon a chur i gcrích. Tá scóip shainordú an iniúchta feidhmíochta i ndáil le héifeachtacht teoranta do mheastóireacht na mbeart atá bunaithe ag bainisteoirí comhlacht poiblí chun a n-éifeachtacht féin a thástáil seachas scrúdú a dhéanamh ar éifeachtacht na hoibríochta féin. Sainmhínítear san Acht freisin na heintitis lárnacha agus comhlachtaí eile a thagann faoi réim an tsainordaithe seo.²⁰ Clúdaítear in Alt 5 den Acht comhlachtaí leathstáit ag a bhfuil éagsúlacht struchtúr rialachais a bhraitheann ar chuspóir an eintitis agus ar na himthosca a bhí ann tráth a chruthaithe. Tá na comhlachtaí a chlúdaítear in iniúchadh an AC&C liostaithe i sceidilthacaíochta agus i reachtaíocht ina dhiaidh sin de réir mar a bhunaítear nó a dhíscaoiltear comhlachtaí.
- 35.** Tugann Alt 8 d' *Acht AC&C (Leasú) 1993* an ceart iniúchadh a dhéanamh ar chuntais aon eintiteas a fhaigheann maoiniú coibhéiseach le 50% nó níos mó dá ioncam ó dheontais cistí poiblí agus breithníonn sé raon na ngníomhaíochtaí iniúchta seo. I gcleachtas, ní dhéantar na cearta seo a fheidhmiú ach go hannamh agus díreach nuair a tharraingítear aird an AC&C ar nithesonracha.
- 36.** Tugann Alt 10 d' *Acht AC&C (Leasú) 1993* ceart rochtana neamhshrianta don AC&C agus don fhoireann ar an bhfaisnéis ar fad a bhíonn riachtanach ionas gur féidir leo a bhfeidhmeanna reachtúla a fheidhmiú. Cuireadh in iúl dúinn nár ceistíodh nó nach ndearnadh agóid in aghaidh cheart rochtana an AC&C go minic ar chor ar bith.
- 37.** Tugann an tAcht an ceart don AC&C tuairisciú ar gach gné den obair agus áirithíonn sé go gcuirtear gach tuarascáil faoi bhráid na Dála lena mbreithniú ag an gCoiste um Chuntais Phoiblí agus, dá réir sin, iad a chur ar fáil don phobal trí chéile. Tá an tAcht seo réasúnta saintreorach, áfach, maidir leis an gcaoi a thíolactar tuarascálacha roimh an reachtas. Tá impleachtaí aige seo ar uainiú fhoilsiú na tuarascála nach bhfuil aon neart ag OARCC orthu. Mar shampla, tugtar tuarascálacha uile an AC&C maidir leis na Cuntais Leithreasa (42 cuntas in 2019) le chéile, lena n-áirítear na Caibidlí gaolmhara tuarascála, i dtuarascáil bhliantúil amháin. I gcleachtas, ciallaíonn sé seo go gcuireann OARCC an tuarascáil bhliantúil agus na Cuntais uile faoi bhráid na Dála ar nó gar don spriocdháta reachtúil, an 30 Meán Fómhair, seachas de réir mar chuirtear Cuntais nó Caibidlí aonair i gcrích. Ní gnách ach oiread do UFI freagracht as foilsiú Chuntais an Fheidhmeannais a ghabhail uirthi féin. Ceanglaítear tuarascálacha iniúchta feidhmíochta an AC&C (Tuarascálacha Speisialta) a chur faoi bhráid Aire (Feidhmeannas) an chomhlachta iniúchta a bhfuil dualgas air, dá réir sin, iad a chur faoi bhráid, gan leasú, na Dála laistigh de thrí mhí tar éis iad a fháil.²¹ Dá thoradh sin, ní bhíonn an smacht céanna ag OARCC ar uainiú fhoilsiú na tuarascála.

Conclúidí

- 38.** Chinneamar go gcomhlíonann OARCC caighdeán CIUFI i ndáil lena neamhspleáchas agus sainordú, a bheag nó a mhór, ach go bhfuil roinnt bearnaí nó easnamh le tabhairt faoi deara.
- 39.** Tá an creat bunreachtúil agus reachtúil a bhaineann le post an AC&C láidir rud a chiallaíonn go mbíonn leibhéal ard neamhspleáchais ann i dtéarmaí saoirse chun na bhfeidhmeanna reachtúla a fheidhmiú gan srian agus tionchar míchuí.

²⁰ *Acht an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste a3-7.*

²¹ *Acht an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993, A.11*

40. Tharraingíomar aird ar roinnt gnéithe den chreat reachtúil a d'fhéadfadh, go teoiriciúil ar a laghad, srianta a chur ar neamhspleáchas OARCC. Is iad sin:
- an ceanglas buiséad molta OARCC a chur faoi bhráid na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe (arb Aireacht iniúchta ag an AC&C í) sula ndéanann an Dáil é a fhaomhadh mar chuid de bhuiséad foriomlán an Stáit;
 - is cuid den Státseirbhís é OARCC (seachas an AC&C) agus, dá réir sin, bíonn sí faoi cheangal ag rialacha na Státseirbhíse maidir le líon foirne agusearcaíocht;²²
 - sainordú teoranta an AC&C scrúdú a dhéanamh ar éifeachtacht an chaiteachaisphoiblí;
 - na srianta a bhaineann leis an bpróiseas le hobair an AC&C a thuairisciú: maidir le roinnt iniúchtaí airgeadais i ndáil le huainiú agus Tuarascálacha Speisialta ina bhfuil an tAire freagrach as uainiú an fhoilsiúcháin;²³
 - an fhreagracht a chuirtear ar an AC&C Cuntais Leithreasa an Fheidhmeannais a fhoilsiú;²⁴ agus
 - an bonn teoranta lenar féidir leis an AC&C airgead poiblí 'a leanúint' isteach i lámha faighteora ar eagraíocht neamhrialtais é.²⁵
41. Inár dtuairim, d'fhéadfaí éifeachtacht OARCC a fheabhsú tuilleadh dá ndéileálfaí leis na heasnaimh seo. Is nithe iad seo a bhaineann, den chuid is mó, leis an Oireachtas. Dá ainneoin sin, tá aird tarraingthe againn ar roinnt nithe a bhaineann le neamhspleáchas agus sainordú an AC&C, dá ndéileálfaí leo, a bheadh mar bhonn lena chinntiú go raibh OARCC ag feidhmiú de réir na gcaighdeán idirnáisiúnta²⁶ atá forbartha le 20 bliain anuas.

Moladh 1

42. *Molaimid go ndéanfaidh OARCC athbhreithniú ar a sainordú reachtach agus go gcinntíonann d'aon srianta reachtacha a bhféadfadh tionchar substainteach a bheith acu ar a neamhspleáchas. Maidir le haon srianta dá leithéid, ba cheart do OARCC leasuithe reachtacha a lorg chun déileáil leo.*

Freagra OARCC: glactha

43. Déanfaimid athbhreithniú mionsonraithe ar an sainordú, chun leasuithe infhéideartha ar an reachtaíocht a shainaithint i gcás go measaimid go láidreoidís neamhspleáchas OARCC tuilleadh. Cuirfimid toradh an athbhreithnithe seo in iúl don Aire Airgeadais faoin 31 Nollaig 2020.

²² Acht an Ard-Scrúdóra 1923, a4.

²³ Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993 a9(2)

²⁴ Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993, A.3(11).

²⁵ Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993, A.8

²⁶ Caighdeán Idirnáisiúnta d'Uasfhorais Iniúcháireachta. www.issai.org.

4 Rialachas Inmheánach agus SeirbhísíTacaíochta

44. Tá an córas de rialú inmheánach agus an creat eiticíúil a bhaineann le UFI rithábhachtach i gcomhthéacs a shainordú a chur i bhfeidhm. Tá seans níos fearr am go n-éireoidh le UFI a chuspóirí a chur i gcrích má bhíonn sé á treorú go maith, le comhthuisctintí láidre ar chuspóirí agus ar luachanna na heagraíochta, mar aon le próisis phleanála cuí i bhfeidhm ag an leibhéal straitéiseach agus oibríochtúil, i dteannta le dea-chórais de rialú inmheánach chun an riosca a bhainistiú. Os a choinne sin, ó tharla gurb é príomhtháirge insoláthartha aon UFI dearbhú maidir le húsáid acmhainní poiblí a thabhairt, ní mór go mbeadh iontaoibh sa UFI i dtéarmaí a shláine agus creat eiticíúil agus fóntacht na dtáirgí a sholáthraíonn sé dá pháirtithe leasmhara agus don phobal trí chéile. Ní mór do chórais de chuid an UFI a áirithiú go bhfuil na caighdeáin chéanna á gcur i bhfeidhm ar aon obair a chuireann an UFI amach ar conradh do ghníomhairí eile. Os a choinne sin, baintear an bonn de ról an UFI mar mheasúnóir criticiúil obair na gcomhlachtaí poiblí eile mura mbíonn an UFI féin in ann feidhmiú mar eiseamláir de bhainistíocht airgeadais fhónta agus dea-rialachas.
45. Tá fianaise ar thábhacht na ngnéithe seo le fáil i roinnt pointí i gCreat Cinntí Gairmiúla EIUFU (CFGU)²⁷ lena n-áirítear iad siúd a bhaineann le trédhearcacht agus cuntasacht, agus le luach agus sochair UFlanna.²⁸

4.1 Timthriall pleanála

46. Baineann tábhacht le plean straitéiseach chomh fada is a bhaineann le treo eagraíochtúil a sholáthar. Ba cheart go n-áireofaí ionchais na bpáirtithe leasmhara, rioscaí atá ag teacht chun cinn, agus an timpeallacht institiúideach ina bhfeidhmíonn an UFI ag feidhmiú sa phleanáil. Ba cheart go n-áireofaí sa phlean seo táscairí chun gnóthachtáil cuspóirí straitéiseacha an UFI a thomhas. Ba cheart na cuspóirí atá sonraithe sa phlean straitéiseach a chur i bhfeidhm i bpleananna bliantúla.
47. Ba cheart go leanfadh an próiseas pleanála príonsabail dea-rialachais, agus go mbeadh amlínte, róil agus freagrachtaí sainmhínithe go soiléir. Tá úinéireacht ag leibhéal uachtair san UFI riachtanach ach ba cheart go mbeadh deis ionchuir ag gach duine laistigh den UFI, agus ba cheart dul i gcomhairle le páirtithe leasmhara seachtracha.
48. Ba chart do UFlanna tuairisciú go poiblí maidir lena n-oibríochtaí agus lena bhfeidhmíocht, lena léiriú go mbíonn a sainordú á gcomhlíonadh acu.

Tátail

49. Tá Ráiteas Straitéise 2016-2020 curtha i dtoll a chéile a bhfuil neart machnaimh déanta air. Sonraítear sa doiciméad seo tuairim OARCC féin maidir leis na príomhcheisteanna atá le cur agus na príomhdhúshláin a bheidh le sárú, bunaithe ar an anailís atá déanta aici féin agus aiseolas ó pháirtithe leasmhara éagsúla, agus déantar cur síos ar an gcur chuige atá molta chun a sainordú don tréimhse iomchuí a chomhlíonadh. Tarraingítear aird sa doiciméad seo ar spriocanna atá le comhlíonadh agus ar dhúshláin atá le sárú, agus luaitear roinnt táscairí maidir leis na hamfrámaí inar

²⁷ Cuimsítear i CFGU Prionsabail EIUFU, Caighdeáin Idirnáisiúnta UFlanna (CIUFlanna) agus Treoir EIUFU.

²⁸ CIUFI 12: Luachanna agus buntáistí na nUasfhoras Iniúchóireachta – difríocht a dhéanamh do shaol an tsaoránaigh. CIUFI 20: príonsabail na trédhearcachta agus na cuntasachta.

cheart na gníomhaíochtaí seo a dhéanamh, ainneoin nach sonraítear cainníochtú foirmiúil de, nó méadracht le haghaidh, na spriocanna sonraithe go minic.

50. Tá doiciméid chúnta ag tacú leis an Ráiteas Straitéise, cosúil le Straitéis Daoine agus Straitéis Rannpháirtíochta, mar aon le pleananna oibríochtúla foirmiúla bliantúla atá ag déileáil go príomha le táirge iniúchta ionchais agus conas atá sé seo le cur i gcrích.²⁹ Chomh maith leis sin, tá pleananna déanta le haghaidh na bpríomhfheidhmeanna tacaíochta i réimsí na n-acmhainní daonna agus na bainistíochta teicneolaíochta faisnéise. Tá tuiscint mhaith ag an bhfoireann shinsearach ar cé atá freagrach as cur i bhfeidhm na bpleananna oibríochtúla seo.
51. Braitheann na pleananna straitéiseacha agus oibríochtúla seo ar an tuiscint atá ag an bhfoireann bainistíochta sinsearach ar shainordú agus ar thimpeallacht OARCC, ach ní chuimsítear iontu aon anailís fhoriomlán timpeallachta chun treo a leagan síos do OARCC, nó roghanna sonracha thopaicí an iniúchta feidhmíochta, trí shaincheisteanna agus treochoí atá ag teacht chun cinn i riarachán poiblí nó i ndáil le brú ar airgead poiblí a shainaithint, mar threoir don phleanáil oibre, mar shampla.
52. Rinne an fhoireann neart plé ar an bplean straitéiseach roimh agus i ndiaidh é a thabhairt chun críche, ach i gcás na bpleananna oibríochtúla bliantúla, braitheann cumarsáid leis an bhfoireann ar theachtaireachtaí ón mbarr anuas ag dul trí bhainisteoirí.

4.2 Timpeallacht rialaithe eagraíochtúil

53. Ba cheart go mbeadh córas rialaithe cáilíochta bunaithe ag UFlanna a áirithíonn go bhfuil cáilíocht á cur san áireamh ina gcuid oibre ar fad. Dá réir sin, ba cheart go mbeadh cód eitice ag UFlanna lena áirithiú go mbíonn iompar foirne gan locht, córas rialaithe inmheánaigh chuí a bhunú, córas rialaithe cáilíochta a bheith bunaithe don obair iniúchta, agus meastóireacht thréimhsiúil a dhéanamh ar cibé an bhfuil nó nach bhfuil na próisis rialaithe cáilíochta ag oibriú go héifeachtach trí phróiseas dearbhaithe cáilíochta.

Tátail

Eitic

54. Tá an creat leathan eitice le haghaidh OARCC déanta de chisil éagsúla agus is é CIUFI 130 atá ag an mbarr ar fad, lena n-áirítear rialacha agus cóid ghinearálta a bhaineann le státseirbhísigh³⁰, rialacha a bhaineann go sonracha le hiniúchadh lena rialaítear foireann OARCC (agus conraitheoirí san áireamh freisin) atá sonraithe sna lámhleabhair iniúchta, cóid iompair ghairmiúil atá infheidhme i ndáil le comhaltaí de chuideachtaí cuntasáíochta, agus tá maoirseacht ordlathach ag tacú le gach rud trí shlabhra bainistíochta. Ceanglaítear ar oifigigh shinsearacha agus orthu siúd a bhíonn ag déileáil le feidhmeanna áirithe ar bhonn bliantúil “ráitis leasanna” foirmiúla a sholáthar. Ceanglaítear orthu siúd a bhíonn faoi réir a leithéid sin de dhearbhuíthe coinbhleachtaí leasa a fhógairt freisin má bhíonn siad i gceist i rith gnáthchúrsa gnó, agus aistarraingt ó chinnteoireacht nó ó ghníomh ina leithéid sin de chásanna. Ainmnítear bainisteoir sinsearach mar an Stiúrthóir Monatóireachta agus Eitice chun tacú le comhlíontacht leis an gcreat. Breithnítear rioscaí eiticiúla mar chuid den chreat bainistíochta

²⁹ Tá na cuntais nach mór don AC&C a dheimhniú gach bliain sonraithe sa reacht. Mar thoradh air seo, tá rogha theoranta ag OARCC i ndáil le hualach oibre an iniúchta airgeadais, agus, dá réir sin, sanntar go leor d'acmhainní na hOifige roimh ré.

³⁰ Ní bhaineann feidhm dhíreach, áfach, leis an gCód Státseirbhíse ginearálta, i gcás an AC&C go pearsanta, cé go mbíonn rialacha agus nósanna imeachta eitice áirithe i bhfeidhm, lena n-áirítear ráitis leasanna bliantúla.

riosca. Tá rialacha sceithire dea-fhorbartha ann ar bhonn reachtúil, mar aon le polasaí inmheánach “Labhair Amach”.

Rialachas agus Rialú

55. Maidir leis an gcóras rialaithe inmheánaigh, ba cheart a thabhairt faoi deara ainneoin go bhfuil “Creat Rialachais” ann ina mionsonraítear cuspóir na ngrúpálacha agus na gcoistí inmheánacha éagsúla bunaithe chun OARCC a reáchtáil, nach bhfuil aon doiciméad maidir leis an gcreat rialaithe inmheánaigh (CRI) ann, nó próiseas athbhreithnithe CRI córasach foriomlán. Tá córas eagraithe rialaithe i bhfeidhm, áfach, sna príomhréimsí ar fad, lena n-áirítear próiseas bainistíochta riosca córasach agus tuairiscítear, ag an mBord Bainistíochta, faoi shaincheisteanna riosca atá ag forbairt. Tá Coiste Bainistíochta Riosca ann agus ceanglaítear ar an bhfoireann ar fad freastal ar imeacht bliantúil chun aiseolas faoi rioscaí a fháil ón bhfoireann. Tá liosta gníomhartha luaite le gach mír ‘tábhachtach’ mar aon le gníomhaíochtaí leantacha. Tá creidiúnú ISO le fáil le haghaidh shlándáil TF. Os a choinne sin, tá Aonad Rialachais bunaithe ag OARCC le déanaí, i bpáirt ar a laghad, chun tacú lena próisis rialaithe.
56. Tá Coiste Iniúchta bunaithe a n-áirítear air ceathrar comhaltaí neamhspleácha neamhfheidhmiúcháin. Tá iniúchadh inmheánach curtha ar conradh chuig gnólacht seachtrach, agus bunaithe ar agallamh le comhpháirtí iomchuí an ghnólachta atá i gceist tá bunús láidir ann a thugann le fios go bhfuil córais an iniúchta inmheánaigh agus an Choiste Iniúchta ag obair de réir na dtreoirlínte infheidhme. Ba cheart go dtabharfadh líon agus déine acmhainní na n-iniúchtaí inmheánacha aird ar an timpeallacht riosca. Chuir OARCC 20 lá d’iniúchadh inmheánach in aghaidh na bliana amach ar conradh, agus mheas an t-iniúcháir inmheánach go raibh sé seo oiriúnach. Bheadh 20 lá cothrom le i bhfad níos lú ná leath bliana duine ar bonn intí. Ar an dara dul síos, maidir le socrú conartha le haghaidh iniúchadh inmheánach, d’fhéadfadh go mbeadh níos mó riosca ann go mbeadh an iomarca tionchair ag tuairimí na foirne bainistíochta ar roghnú na dtopaicí iniúchta. D’fhéadfadh Coiste Iniúchta láidir agus gníomhach a leithéid sin de riosca a bhainistiú. Déantar obair leantach i ndáil le moltaí an iniúchta inmheánaigh agus rinneadh iarracht le déanaí déileáil leis na moltaí a bhí fós le réiteach lena áirithiú nach bhfuil mórán saincheisteanna ann ar gá déileáil leofós.
57. Maidir leis na córais rialaithe cáilíochta agus na córais um dhearbhu cáilíochta, is léir go bhfuil córais fhairsinge i bhfeidhm, a bhfuil an Rúnaí i mbun maoirseachta orthu ina c(h)áil mar Stiúrthóir um Dhearbhu Cáilíochta. Tá córas d’athbhreithnithe rialaithe cáilíochta agus d’Athbhreithnithe Rialaithe Cáilíochta Rannpháirtíochta (ARCRanna) ann bunaithe le haghaidh iniúchadh airgeadais agus feidhmíochta araon. Tá an córas le haghaidh iniúchadh airgeadais níosforbartha.

Feidhmíocht

58. Soláthraíonn dianstruchtúr ordlathach soiléire maidir le sannacháin tascanna agus tá cuntasacht shoiléir do bhainisteoir luaite le gach duine. Forbraítear córais breithmheasa feidhmíochta ach b’fhéidir go nglacfaí leis nach cur chuige leordhóthanach ann féin iad chun tearcfheidhmíocht a bhainistiú: thug torthaí suirbhé foirne ó 2017³¹ le fios nach gcreideann mórán daoine go ndéileáiltear go héifeachtach le drochfeidhmíocht. Ag an am céanna, áfach, creideadh go láidir go mbíonn bainisteoirí sinsearach cuntasach as torthaí agus chomhaontaigh a bhformhór go mbíonn daoine in OARCC cuntasach as cuspóirí a chomhlíonadh. In éagmais scéimeannalánbhri

³¹Suirbhé Rannpháirtíochta Fostaithe Státseirbhíse, 2017.

feidhmíochta pá nó nasctha feidhmíochta foirmiúla, is príomhábhar spreagtha é ardú céime agus tugann torthaí suirbhé ar fhostaithe le fios gur chreid go leor daoine go mbíonn ardú céime mar thoradh ar fheidhmíocht mhaithe. Tuigeann bainisteoirí go bhfuil gá le dreasachtaí agus tá úsáid bainte acu as sannacháin ‘mhaithe’ agus roghnú le haghaidh breisoideachais chun an tábhacht a bhaineann le forbairt agus feidhmíocht dar leo a chur in iúl dá gcomhaltaí foirne. Eisceacht is ea comhaltaí foirne seirbhís riaracháin ghinearálta nach mbíonn mórán deiseanna ardaithe céime acu laistigh de OARCC.



4.3 Ceannaireacht agus cumarsáid inmheánach

59. Ionas go mbeidh UFI in ann a chuspóirí a chomhlíonadh, tá gá le ceannaireacht láidir agus cumarsáid éifeachtach leis an bhfoireann. Ba cheart don fhoireann bainistíochta dea-shampla a thabhairt, cur chuige a shonrú agus dea-chleachtas a bhunú. Ba cheart go dtuigfeadh comhaltaí foirne a gcuid oibleagáidí agus go gcuirfí ar an eolas iad faoi chinntí a bhaineann le saincheisteannta suntasacha atá ábhartha don eagraíocht.

Tátail

60. Is léir bunaithe ar shuirbhéanna foirne agus plé leis an bhfoireann gur dóigh le go leor daoine gur ann do go leor láidreachtaí ceannaireachta, agus ardleibhéal iontaobhe sna bainisteoirí sinsearach, a mheastar a bheith ionraic, féarálte, tacúil, agus forbarthach. Ag leibhéal foirmiúil, tá próisis cheannaireachta comhtháite go maith in obair OARCC agus úsáidtear na struchtúir fhoirmiúla a bhfuil cursíos déanta orthu sa Chreat Rialachais i gcleachtas agus ar pháipéar le haghaidh athbhreithniú tréimhsiúil ar dhul chun cinn agus ar chinnteoireacht.
61. Is cosúil go gcuireann na bainisteoirí sinsearach in OARCC an sainordú, an fhís agus na bunluachanna in iúl, agus go bhfuil níos mó fóram agus córas chun cumarsáid a dhéanamh bunaithe. Maidir le cumarsáid inmheánach, tá iarrachtaí suntasacha á ndéanamh, lena n-áirítear fóraim bhuana éagsúla a bhunú agus cumarsáid níos gníomhaí ón bhfoireann shinsearach, chun cumarsáid éifeachtach a chinntiú. Síleann OARCC go mbaineann tábhacht le cumarsáid éifeachtach leis an bhfoireann a chinntiú, ach uaireanta scaiptear príomhtheachtaireachtaí tríd an ordlathas eagraíochtúil, seachas ar bhealach níos díre. Tá fianaise ann go bhfuil an chumarsáid inmheánach ag feabhsú de réir a chéile ach tá go leor fós ag fanacht ar fheabhsúchán amháin a bhaineann le scaipeadh leictreonach faisnéis inmheánach: chuir formhór na gcomhaltaí foirne in iúl gurb uirlis riachtanach cumarsáide é córas inlín a pleanáladh, le haghaidh teachtaireachtaí móra agus beaga. Cuireadh in iúl dúinn gurb é ceann de na tosaíochtaí práinneacha don Aonad Rialachais nua inlín a bhunú le haghaidh OARCC.
62. Is cuid shoiléir de luachanna agus de chultúr na heagraíochta iad caighdeáin eiticiúla agus caighdeáin cháilíochta. Bhí an méid a bhí le rá ag an bhfoireann faoi oscailteacht na mbainisteoirí glacadh le haiseolas uathu an-dearfach, agus bíonn béim á leagan go leanúnach ar cháilíocht an aschuir ag an gcomhdháil bhliantúil, i lámhleabhair, i maoirseacht an-phhearsanta an AC&C ar tháirgí iniúchta etc. D'fhéadfadh go mbainfeadh easnamh amháin maidir le cur in iúl luachanna le drogall athruithe a dhéanamh, mar bhunluach OARCC. Le haghaidh cúiseanna maithe, d'fhéadfadh go mbeadh cosaint caighdeán, béim ar cháilíocht, an fonn ceart chun riosca a sheachaint, mar bhonn leis an iomarca coimeádachais in OARCC, agus ní raibh na comhaltaí foirne a d'fhreagair suirbhé 2017 cinnte faoin luach a bhí luaite le treo an athraithe in OARCC.

- 63.** Tá baint ghníomhach ag foireann cheannaireachta OARCC le luachanna a chur chun cinn, trí lámhleabhair, teachtaireachtaí neamhfhoirmiúla trí chruinnithe idir bainisteoirí agus an fhoireann ar fad, lena n-áirítear comhdháil bhliantúil, fóraim folláine agus forbartha, etc. Sa chomhthéacs seo, is é ról an AC&C go pearsanta a chinntiú nach bhfuil suntas an ról á ligean i ndearmad – fiú amháin i ndáil le nithe atá ábhartha i gcás an Rúnaí/an Oifigigh Cuntasaíochta agus an Bhoird Bainistíochta, bíonn treoir á lorg ag an bhfoireann ón AC&C. Tá meas ag an bhfoireann ar na bainisteoirí sinsearacha agus glactar leis go coitianta go gcaitheann siad go cothrom le daoine.



4.4 Cuir Amach ar Conradh

64. Cuireann OARCC roinnt oibre iniúchta airgeadais amach ar conradh do ghnólachtaí san earnáil phríobháideach. I láthair na huaire, tá comhaontú trí bliana (2018-2020) aici lena foireann (ceardchumann) a chiallaíonn go bhfuil teorainn leis an méid oibre a chuirtear amach ar conradh - nach mó ná 24 bliain foirne thar thréimhse trí bliana. In 2018 agus 2019, chuir OARCC an teorainn is mó gach bliain, 8 gcomhalta foirne, amach ar conradh. Anuas air seo, tá gnólacht san earnáil phríobháideach ar conradh ag OARCC chun réamh-athbhreithniú a dhéanamh ar na hiniúchtaí airgeadais comhlánaithe lena dheimhniú go bhfuil na caighdeáin idirnáisiúnta curtha i bhfeidhm go cuí.
65. Is é an aidhm atá le cur amach ar conradh acmhainn OARCC a mhéadú chun ualach oibre an iniúchta airgeadais a bhainistiú go háirithe iniúchtaí atá sceidealta lena gcur i gcrích i rith bhuaicthréimhsí mhí an Mheithimh agus mhí Mheán Fómhair. Leas-Stiúrthóirí a roghnaíonn na hiniúchtaí atá le cur amach ar conradh agus déantar iad a fhaomhadh trí phlean foirmiúil cuir amach ar conradh atá faofa ag an bpríomh-Stiúrthóir iniúchta airgeadais. Is é an polasaí a chuirtear i bhfeidhm nach mór go mbeadh ísealriosca ag baint leis na hiniúchtaí a roghnaítear agus nach bhfuil aon chúla ann de shaincheisteanna suntasacha iniúchta.
66. Tá conradh ag gnólachtaí chun céim pleanála agus forghníomhaithe an iniúchta a chur i gcrích agus obair i gcomhpháirt le OARCC ar an gcéim tabhairt chun críche. Déanann OARCC athbhreithniú ar chomhad iniúchta páipéir an ghnólachta nuair atá an dá chéim tosaigh curtha i gcrích. Ansin leanann próisis athbhreithnithe OARCC an patrún céanna leis na hiniúchtaí a dhéanann OARCC go dtí an chéim deimhnithe a chuireann an AC&C i gcrích (nó an t-oifigeach cuí sa chás go bhfuil a leithéid ainmnithe). Tá iniúchtaí curtha amach ar conradh faoi réir na bpróiseas dearbhaithe cáilíochta iar-iniúchta céanna agus atá gach iniúchadh eile a dhéanann OARCC (Féach ar chaibidil 5 Cáilíocht agus Tuairisciú Iniúchta).
67. Cuirtear iniúchtaí amach ar conradh ar feadh bliana agus bíonn an fhéidearthacht ann i roinnt cásanna go gcuirfeadh síneadh bliana leo. Úsáideann OARCC comhaontú creata na hOifige um Sholáthar Rialtais le haghaidh seirbhísí cuntasáíochta agus iniúchta chun gnólachtaí oiriúnacha a shainaithint chun an obair atá curtha amach ar conradh a dhéanamh. Déantar gnólachtaí ar an gcreat a scagadh roimh ré chun eolas a bhailiú faoi sheasamh gairmiúil, taithí san earnáil phoiblí agus roinnt fachtóirí eile. Bunaithe ar léirithe spéise ó ghnólachtaí cáilithe, reáchtálann OARCC mionchomórtais le haghaidh braislí (pacáistí) de 4 nó 5 iniúchadh bunaithe ar phraghas, modheolaíocht, tuiscint ar an timpeallacht agus cáilíocht na hacmhainne foirne. Is é praghas an príomhchritéar, ach i gcás an mhionchomórtais is déanaí, laghdaíodh an t-uallú ó 40% go 35% chun gné na cáilíochta a bhreisiú.

68. Ceanglaítear ar ghnólachtaí aon choinbhleachtaí leasa a fhógairt sa tréimhse dhá bhliain roimh an dáta a raibh sé beartaithe tús a chur leis an gconradh. Ní aon tréimhse suaimhnithe iar-chonartha i gceist.

Conclúidí

69. Chinneamar go gcomhlíonann OARCC caighdeán CIUFI, a bheag nó a mhór, i ndáil le pleanáil agus rialachas inmheánach. Comhlíonann OARCC caighdeán CIUFI ina n-iomláine i ndáil le hiniúchtaí seachfhoinsithe.
70. Thugamar faoi deara go raibh príomhghnéithe de chóras maith rialachais inmheánaigh i bhfeidhm. Go ginearálta, bíonn OARCC á treorú go héifeachtach ag foireann bainistíochta shinsearach a bhfuil ardmheas uirthi le rialachas éifeachtach a bhíonn ag feidhmiú trí struchtúir atá bunaithe i gCreat Rialachais sainráite. Ar an iomlán, bhí dearcadh dearfach ag na hathbhreithneoirí maidir le OARCC chomh fada is a bhaineann le rialachas agus rialú.
71. Tá roinnt bearnaí fós le tabhairt faoi deara sa chreat measctha rialachais agus rialaithe – doiciméad foriomlán maidir leis an gcreat rialaithe inmheánaigh, agus mairís cur chun feidhme le haghaidh pleananna straitéiseacha, mar shampla.
72. Chomh maith leis sin, thugamar faoi deara go raibh roinnt réimsí ann a bhféadfaí feabhas a chur orthu chun cabhrú le hoifig níos éifeachtaí. D'fhéadfadh go mbeadh tuiscint níos fearr ag OARCC ar a láidreachtaí, mar shampla. B'fhéidir freisin go mbeadh comhaltaí foirne den tuairim go mbíonn an fhoireann bainistíochta róchoimeádach chomh fada is a bhaineann le hathrú, agus dá réir sin, nach mbeadh dóthain airde á tabhairt ar an bhfonn atá ar dhaoine athrú a chur i bhfeidhm in OARCC. Ba cheart go nglacfaí leis na gnéithe is fearr d'éiteas OARCC a chaomhnú mar luach tábhachtach, ach ba cheart glacadh le fonn athraithe mar luach tábhachtach freisin.

4.5 Bainistíocht airgeadais, sócmhainní agus seirbhísí tacaíochta

73. Éilíonn UFlanna acmhainní airgeadais, sócmhainní agus seirbhísí tacaíochta dea-bhainistithe leordhóthanacha chun feidhmiú go héifeachtach. Ní mór dóibh prionsabail dea-bhainistíochta a chur i bhfeidhm lena chinntiú go mbíonn an úsáid is fearr á baint as a gcuid acmhainní. Ciallaíonn sé seo gur cheart go mbeadh struchtúr bainistíochta agus tacaíochta cuí eagraíochtúil bunaithe ag UFI a sholáthraíonn dea-rialachas agus a thacaíonn le cleachtais rialaithe agus bainistíochta inmheánacha. Dá réir sin, ba cheart do UFlanna
- bainistíocht éifeachtach a n-acmhainní airgeadais a áirithiú
 - pleanáil agus úsáid éifeachtach a sócmhainní agus infreastruchtúir a áirithiú
 - tacaíocht riaracháin chuí a bhunú ar mhaithe le bainistíocht agus cothabháil éifeachtach a

Tátail

- 74.** De réir reachta, ceanglaítear ar OARCC córas na Státseirbhíse a leanúint. Ciallaíonn sé seo go mbíonn sé riachtanach cloí le nósanna imeachta agus le cleachtais na Státseirbhíse (go háirithe mar atá sonraithe in “Nósanna Imeachta Airgeadais Phoiblí”), lena soláthraítear láidreachta agus tacaíocht shuntasach. Mar shampla, bíonn go leor de na riachtanais Teicneolaíochta Faisnéise agus Cumarsáide (TFC) de chuid OARCC á soláthar ag Oifig Phríomh-Oifigeach Faisnéise an Rialtais (OPOFR), tá cleachtais agus nósanna imeachta ginearálta airgeadais leagtha síos go lárnach ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, agus i ndeireadh na dála, beidh a córais airgeadais á n-oibriú ag OARCC ar bhonn seirbhísí comhroinnte, agus beidh córais chuntasaíochta á gcur ar fáil di ó chóras lárnach. Tá Oifig na nOibreacha Poiblí freagrach as cóiríocht a eagrú ar bhonn lárnaithe freisin.
- 75.** Tá na córais airgeadais éifeachtach, cé go bhfuil siad beagán sean, tá freagrachtaí soiléir, agus bíonn costais á dtaifeadadh, á monatóiriú agus á rialú. Déanann iniúcháirí seachtracha iniúchadh ar OARCC agus déantar obair leantach bunaithe ar mholtaí. Cuireann an AC&C a Chuntas faoi bhráid an Choiste um Chuntais Phoiblí agus bíonn an Rúnaí freagrach don Choiste sin as saincheistanna a bhaineann le bainistíocht airgeadais. Beidh tuilleadh forbartha ar na córais airgeadais á déanamh ar bhonn “seirbhísí comhroinnte” – d’fhéadfadh go mbeadh buntáistí dáiríre aige seo do OARCC má chuirtear i bhfeidhm go maith é, agus idir an dá linn, is i mód “feithimh” atá OARCC.
- 76.** Tá athbhreithniú déanta ar riachtanais chóiríochta agus TFC le blianta beaga anuas, agus tá idir shaineolaí intí agus rochtain ar shaineolas comhroinnte OPOFR ag OARCC. Thuairiscigh an fhoireann go bhfuil dóthain uirlisí agus tacaíochta TFC aici, ach go bhféadfaí rudaí a fheabhsú freisin. Tá plean cur chun feidhme TFC bunaithe nach mór a chur chun feidhme.

Conclúid

- 77.** Chinneamar go gcomhlíonann OARCC caighdeán CIUFI, ina n-iomláine, i ndáil le bainistíocht airgeadais, sócmhainní agus seirbhísí tacaíochta.

Moladh 2

- 78.** *Molaimid go gcuirfeadh OARCC breis cainníochtaithe spriocanna agus maitrís fhoirmiúil cur chun feidhme san áireamh ina céad plean straitéiseach eile, agus go mbeidís á gcur san áireamh go díreach sa phleanáil oibríochtúil.*

Freagra OARCC: glactha

79. Beidh an plean straitéiseach le haghaidh 2021-2025 i bhfeidhm faoin 31 Nollaig 2020. Áireofar ann cainníochtú spriocanna agus mairís cur chun feidhme. Déanfaimid athbhreithniú ar ár bpróisis phleanála agus mhonatóireachta oibríochtúla lena áirithiú go mbíonn spriocanna agus gníomhartha sainaitheanta á gcur san áireamh sna próisis seo. Tuairisceoidimid ar an dul chun cinn atá déanta i gcomparáid leis na spriocanna inár bhfoilseacháinchorparáideacha.

Moladh 3

80. *Molaimid go bhforbródh OARCC doiciméad maidir le creat rialaithe inmheánaigh (CRI) fhoriomláin, le nuashonrú agus athbhreithniú rialta.*

Freagra OARCC: glactha

81. Beidh sé seo bunaithe faoin 30 Meitheamh 2020, mar aon le polasaí agus nós imeachta do mhonatóireacht agus d'athbhreithniú.

Moladh 4

82. *Molaimid go ndéanfadh OARCC tuilleadh forbartha ar chórais chumarsáide inmheánacha, ionas nach gá brath an iomarca ar theachtaireachtaí ordlathacha agus “gréasán luaidreán”, lena n-áirítear mar phríomhthosaíocht chun dlús a chur le pleananna le haghaidh córas scaipthe faisnéise inlín dea-fhorbartha.*

Freagra OARCC: glactha

83. Sheol OARCC a hinlín ar an 23 Márta 2020, agus leanfar le feabhsú an inneachair agus leis na féidearthachtaí cumarsáide agus rannpháirtíochta a bhreisiú. Lena chois sin, nuair a bheidh an straitéis nuashonraithe á forbairt agus á rolladh amach, leanfar le béim shuntasach a leagan ar cheardlanna foirne agus ar fhóirne foirne éagsúla.

Moladh 5

84. *Molaimid, laistigh de na teorainneacha agus srianta atá i bhfeidhm dóibh, go ndéanfadh OARCC athbhreithniú ar dhreasachtaí feidhmíochta agus ar an gcreat aitheantais (lena n-áirítear le haghaidh comhaltai foirne sóisearacha tacaíochta), i gcomhairle le comhaltai foirne.*

Freagra OARCC: glactha

85. Leanfaidh OARCC le béim shuntasach straitéiseach a leagan ar fhoghlaim agus ar fhorbairt foirne idir 2021 – 2025. Gné thábhachtach de seo é feidhmíocht a bhainistiú, agus aitheantas a thabhairt do dheia-fheidhmíocht. Sa straitéis le haghaidh 2021 – 2025, sonrófar ár gcuispóir, gníomhartha agus spriocanna sa chomhthéacs seo.

Moladh 6

- 86.** *Molaimid go ndéanfadh OARCC a machnamh ar éifeachtúlacht agus ar éifeachtacht cuir amach ar conradh a fheabhsú trí shíneadh ama a chur leis na tréimhsíconartha.*

Freagra OARCC: glactha

- 87.** Roimhe seo, rinne OARCC iarracht conarthaí ilbhliana a chur amach le haghaidh tairisceana ach ní raibh dóthain spéise á léiriú ag gnólachtaí iniúchta tráchtála iontu, rud a chiallaigh go mb'éigean dúinn úsáid a bhaint as conarthaí bliana, a bhféadfaí síneadh bliana a chur leo. I láthair na huaire, tá bailchríoch á cur againn lenár soláthar cuir amach ar conradh le haghaidh iniúchtaí 2020. Sula gcuirimid tús leis an gcleachtadh seo le haghaidh iniúchtaí 2021, oibreoimid le gnólachtaí iniúchta tráchtála móra agus meánmhéide chun teacht ar thuiscint ar na cineálacha conarthaí is mó a mbeadh spéis ag gnólachtaí tráchtála dá leithéid iontu, i dtéarmaí fad an chonartha agus an chineáil iniúchta.



5 Caighdeán agus Tuairisciú Iniúchta

88. Sainmhínítear i sainordú UFI a fhreagrachtaí le haghaidh iniúchta. Cuimsítear i sainordú iniúchta an AC&C
- Iniúchadh airgeadais. Foráiltear in *Acht AC&C (Leasú) 1993* le haghaidh iniúchadh ar Chuntais Leithreasa ranna Rialtais agus comhlachtaí eile, agus iniúchtaí ar raon leathan comhlachtaí eile, san earnáil oideachais, mar shampla. Chomh maith leis sin, is é an AC&C iniúchóir eintiteas áirithe eile faoi reachtaíocht eile (e.g. an Ghníomhaireacht Náisiúnta um Bainistíocht Sócmhainní).
 - Iniúchadh feidhmíochta. Foráiltear in Alt 9 d'*Acht AC&C (Leasú) 1993* go bhféadfaidh an AC&C scrúduithe a dhéanamh chun críche eolas a fháil, *inter alia*, maidir le cibé ar úsáideadh, nó ar sealbhaíodh agus ar diúscaíodh nó nár úsáideadh, nár sealbhaíodh nó nár diúscaíodh acmhainní go barainneach agus go héifeachtúil. Foráiltear san Acht freisin go bhféadfaidh an AC&C scrúdú a dhéanamh ar chórais atá curtha i bhfeidhm ag Roinn nó ag comhlacht chun cur ar a c(h)umas meastóireacht a dhéanamh ar éifeachtacht na n-oibríochtaí.

5.1 Iniúchadh airgeadais

89. Cinntear de thoradh iniúchta airgeadais cibé an bhfuil nó nach bhfuil ráitis airgeadais eintitis tíolachta de réir na gcreataí infheidhme tuairiscithe agus rialála airgeadais. Déantar é seo trí dhóthain fianaise iniúchta cuí a fháil chun cur ar chumas an iniúcháora dearbhú réasúnach a thabhairt bunaithe ar thuairim maidir le cibé an bhfuil nó nach bhfuil an fhaisnéis airgeadais saor ó mhíshonrú ábhartha, cibé mar thoradh ar chalaois nó earráid. Ceanglaítear ar an iniúchóir tuairisciú maidir leis na ráitis airgeadais, agus torthaí an iniúchta a chur in iúl de réir na dtátal.³² Ceanglaíonn CIUFlanna ar UFIanna
- caighdeán iniúchta a ghlacadh atá de réir phrionsabail bhunúsacha an iniúchta airgeadais de réir mar atá sonraithe in CIUFI 200 agus iad a chuimsiú i bpolasaithe agus i nósanna imeachta a léiríonn comhthéacs an UFI féin;
 - córas a bhunú lena áirithiú go bhfuil an inniúlacht agus na scileanna gairmiúla riachtanacha ag comhaltaí foireann iniúchta chun an t-iniúchadh a chur i gcrích;
 - bearta rialaithe cáilíochta a chur chunfeidhme.
90. Ba cheart ráitis airgeadais a iniúchadh ar bhealach tráthúil agus ba cheart don UFI tuairisciú go poiblí maidir le haon neamhthíolacadh ráiteas airgeadais dlite.

³² Tugtar tuilleadh eolais faoi seo in CIUFI 200.

Clúdach an Iniúchta Airgeadais

91. Tá cleachtas iniúchta airgeadais OARCC bunaithe ar an gceanglas reachtúil atá ar an AC&C iniúchadh bliantúil a dhéanamh ar gach eintiteas lárnach Rialtais (agus roinnt comhlachtaí sainithe eile cosúil le comhlachtaí sláinte agus oideachais)³³. Cuimsítear anseo Cuntais Leithreasa ranna Rialtais agus cuntais gníomhaireachtaí Rialtais agus eintiteas leathstáit (féach ar Fhíor 1).

Fíor 1: OARCC, iniúchtaí airgeadais 2018

Cuntais vótáilte	41
Ciste Rannach	27
Eintitis sláinte	28
Eintitis airgeadais	26
Comhlachtaí leathstáit ^a	109
An earnáil oideachais	48
Comhlachtaí Thuaidh/Theas	7
Iomlán	286

Foinse: Oifig an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste
Tabhair faoi deara: a: Tá focuicideachtaí comhlachtaí Stáit san áireamh

92. Tá na ceanglais reachtúla a cheanglaíonn ar an AC&C tuairim a sholáthar maidir le tíolacadh ceart na gcuntas agus dearbhú gur caitheadh na cistí le haghaidh na ‘gcuspóirí beartaithe’ mar atá sonraithe sa reachtaíocht iomchuí (ar a dtugtar an dearbhú rialtachta) cuimsitheach.³⁴ Chomh maith leis sin, tá béim á leagan ag an AC&C ar nithe a bhaineann le cuibheas i reáchtáil gnó phoiblí a eascraíonn óna iniúchadh ar na Cuntais Leithreasa nó ó oibriú na rialuithe airgeadais sna ranna seo. Tá sé seo bunaithe ar nós agus ar chleachtas thar na blianta agus bunaithe ar roinnt foinsí ach go háirithe ceanglais “Nósanna Imeachta Airgeadais Phoiblí”³⁵ agus, trí leathnú, ó phrionsabailuach ar airgead.
93. Léirítear na hoibleagáidí reachtúla seo i bPlean Straitéiseach 2016-20 an AC&C agus tugtar gealltanas iontu go gcuirfear seirbhísí gairmiúla iniúchta ar ardchaighdeán ar fáil. Tá fianaise air seo le fáil i bpleananna gnó bliantúla agus earnála OARCC.

Caighdeáin Iniúchta Airgeadais agus Bainistíocht Cáilíochta

94. Tá glactha go foirmiúil ag OARCC leis na caighdeáin Idirnáisiúnta le haghaidh UFlanna mar bhonn chun a cuid oibre iniúchta airgeadais a dhéanamh (CIUFI 140 agus CIUFI 2000).³⁶ Tá fianaise ar an ngealltanas seo le fáil sna príomhdhoiciméid beartais ar fad cosúil leis an bPlean Straitéiseach agus an tuarascáil feidhmíochta bliantúla ar an suíomh gréasáin³⁷. I gcleachtas, is é a thugann éifeacht don ghealltanas seo go gclóíonn OARCC leis na Caighdeáin Iniúcháireachta Idirnáisiúnta atá fógartha ag EIUFI. Tagraítear do na Caighdeáin Iniúcháireachta Idirnáisiúnta (CIIanna) mar bhonn leis na tuairimí iniúchta sna teastais iniúchta ar fad de chuid an AC&C.

³³ Acht an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993

³⁴ Acht an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993

³⁵ Treoir eistithe ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe

³⁶ issai.org

³⁷ www.audit.gov.ie

95. Tugtar léargas iomlán ar cheanglais Cllanna i Lámhleabhar Iniúchta Airgeadais OARCC agus sna teimpléid laistigh de bhogearra doiciméid iniúchta OARCC (*Team Mate*). Chomh maith leis sin, tá treoir bhreise le fáil iontu, de réir mar is gá, bunaithe ar an gcreat reachtach agus ar cheanglais iniúchta phoiblí, go háirithe an oibleagáid nithe a bhaineann le rialtacht agus le cuibheas a chlúdach. Sonraítear sa Lámhleabhar freisin, nósanna imeachta OARCC maidir le rialú cáilíochta agus dearbhú cáilíochta lena n-áirítear cloí le Caighdeán Idirnáisiúnta maidir le Rialú Cáilíochta 1 (CIRC1) ina ndéileáiltear le nósanna imeachta iomlána OARCC.
96. Tá OARCC tiomanta go mbeadh cáilíocht ghairmiúil chunta saíochta ag na comhaltaí foirne ar fad atá ag obair sa chleachtas iniúchta airgeadais agus go bhfuil na hacmhainní daonna agus na polasaithe oiliúna i bhfeidhm chun tacú leis seo. Tá scéim chuimsitheach ghairmiúil oiliúna ann do gach iniúchóir nua faoi oiliúint agus tá clár suntasach de chúrsaí breisoiliúna ar fáil chun tacú le forbairt ghairmiúil leanúnach (*CPD*) na gcomhaltaí foirne cáilithe (féach ar chaibidil 6 Acmhainní Daonna agus Oiliúint). Tá nósanna imeachta soiléire ann (ag leibhéal gach iniúchadh aonair) go bhfuil an inniúlacht agus an cumas ag foirne iniúchta, i dteannta a chéile agus ina n-aonar, a theastaíonn chun tabhairt faoi gach rannpháirtíocht agus chun na ceanglais eiticiúla atá sonraithe sa Chód Státseirbhíse agus sna caighdeáin idirnáisiúnta a fhianú (féach ar chaibidil 4 Rialachas Inmheánach agus Eitic).
97. Mar chuid de dhearbhu cáilíochta, baineann ceanglais sainordaithe le hathbhreithniú céad agus dara céime á dhéanamh ag comhaltaí foirne atá ar leibhéal sinsearach cuí le haghaidh gach iniúchadh airgeadais. Ina theannta sin, tá nósanna imeachta rioscabhunaithe ann chun iniúchtaí a shainaithint atá mór, casta nó íogair (ar an iomlán nó maidir le saincheistean aitheanta), lena gceanglaítear go gceapfar Athbhreithneoir Rannpháirtíochta Rialaithe Cáilíochta ó lasmuigh den slabhra bainistíochta ionas go mbeidh rialú cáilíochta neamhspleách i gceist nuair a bheidh tuairimí a bhforbairt.
98. Déanann OARCC réamh-athbhreithnithe bliantúla ar shampla d'iniúchtaí críochnaithe chun ceachtanna a fhoghlaim agus cáilíocht a threisiú. Gach dara bliain, is athbhreithneoirí seachtracha ó mhórghnólacht cuntasaióchta a dhéanann na hathbhreithnithe seo. Aimsíodh san athbhreithniú is déanaí den sórt seo a tuairiscíodh i Meitheamh 2019 go bhfuil ceanglais na gcaighdeán idirnáisiúnta á gcomhlíonadh ag OARCC nuair atá a hiniúchtaí airgeadais á gcur i gcrích. Sainaithníodh líon beag réimsí a bhféadfaí ad a fheabhsú lena n-áirítear nuashonrú an Lámhleabhair Iniúchta Airgeadais, doiciméid, agus measúnú riosca. Cuireadh gníomh a bhí bunaithe ar na moltaí, lena n-áirítear oiliúint foirne, i gcrích faoi Nollaig 2019.
99. Tá scéim tarmiligin bunaithe ag OARCC trína ndearna an AC&C deimhniú 32% de chuntais a thairmligean chuig Stiúrthóirí nó Leas-Stiúrthóirí in 2019.³⁸ Tá an tarmilgean seo bunaithe ar láimhdeachas faoi réir coinníollacha agus srianta áirithe amhail sa chás gur ann do chúla de shaincheistean iniúchta thar thréimhse bhlianta nó sa chás go mbíonn saincheist ábhartha i gceist a éilíonn breithniú a bheith á dhéanamh ag an AC&C, tuairim iniúchta cháilithe, nó ní nach mór a thuairisciú, mar shampla. Bíonn na hiniúchtaí seo ar fad faoi réir an chreata dearbhaithe cáilíochta céanna. Lena chois sin, déanann an AC&C, go pearsanta, réamh-athbhreithniú ar shampla d'iniúchtaí tarmilgthe. Le haghaidh an iniúchta ar chuntais 2019 tá na tairseacha láimhdeachais le haghaidh tarmiligin dúbailte, i bpáirt chun léargas a thabhairt ar bhoilsciú i mbuiséideintitis agus i bpáirt chun líon na gCuntas ina bhfuil deimhniú á thairmligean cheana féin a mhéadú.

³⁸ Bhí 68% de chuntais 2018 deimhnithe ag an AC&C; bhí an céatadán fágtha deimhnithe ag Stiúrthóirí (21%) agus Leas-Stiúrthóirí (11%), faoi údarás tarmilgthe.

- 100.** Gach bliain cuireann OARCC obair amach ar conradh do ghnólachtaí san earnáil phríobháideach i ndáil le roinnt iniúchtaí (50 in 2019) chun tacú le deimhniú na gCuntas (féach ar Chaibidil 4 Rialachas Inmheánach agus Seirbhísí Tacaíochta). Déantar é seo chun acmhainn a mhéadú agus buaiceanna suntasacha in ualach oibre OARCC a bhainistiú níos fearr. Déantar gnólachtaí atá cáilithe go cuí a fhoinsiú de réir treoirlínte soláthair phoiblí agus comhaontuithe creata na hOifige um Sholáthar Rialtais le haghaidh seirbhísí cuntasáíochta agus iniúchta. Bronntar conradh ar na gnólachtaí chun pleanáil agus forghníomhú iniúchta a sholáthar agus chun bailchríoch a chur leis an obair i gcomhpháirt le OARCC roimh deimhniú. Bíonn an obair seo faoi réir chreat dearbhaithe cáilíochta OARCC.


Próiseas agus Torthaí an Iniúchta Airgeadais

- 101.** D'fhoillíodh tástáil a dhéanamh ar conas a chuirtear iniúchtaí airgeadais i gcrích i gcleachtas rinneamar athbhreithniú ar thuarascáil an réamhathbhreithnithe sheachttraigh ar na hiniúchtaí airgeadais tuairiscithe i Meitheamh 2019 agus scrúdaíomar ceithre chomhad iniúchta le haghaidh Cuntas deimhnithe in 2019. Áiríodh anseo ábhar Cuntas amháin a bhí faoi réir nósanna imeachta ARCR; ceann curtha amach ar chonradh agus ceann lenar bhain tuairim iniúchta mhodhnaithe. Maidir leis na comhaid a ndearna muid athbhreithniú orthu, bhuaileamar leis na foirne iniúchta chun teacht ar thuiscint ar an bpróiseas agus taispeánadh comhaid an doiciméid leictreonaigh (*Team Mate*) dúinn chun léargas a thabhairt dúinn ar chomhlíontacht leis na CIUFlanna (Éire) agus leis an Lámhleabhar Iniúchta Airgeadais. Dhíríomar aird ar leith ar phleanáil agus ar thabhairt chun críche iniúchta.
- 102.** Ceanglaíonn caighdeán idirnáisiúnta go mbeadh gach iniúchadh airgeadais faoi réir athbhreithniú céadchéime agus dara céime roimh deimhniú. Laistigh de OARCC, is iad Iniúcháirí Sinsearach agus Leas-Stiúrthóirí faoi seach a chuireann na ról seo i gcrích. Ina theannta sin, sa chás go bhfuil iniúchtaí deimhnithe ag an AC&C, ba léir freisin go raibh dlúthbhaint ag an mbainistíocht shinsearach ag leibhéal Stiúrthóra agus níos airde leis an bpróiseas deimhnithe deiridh agus go gcuireann siad roinnt mhaith ceisteanna sula ndéantar na tuairimí iniúchta a fhaomhadh ar deireadh.
- 103.** Chinn an réamhathbhreithniú neamhspleách ar shampla d'iniúchtaí a cuireadh i gcrích in 2019 go raibh ardleibhéal comhlíontachta bainte amach ag OARCC maidir le caighdeán idirnáisiúnta agus go bhféadfaí feabhas a dhéanamh i líon beag réimsí dea-shainithe. Dheimhnigh ár n-athbhreithniú comhaid an measúnú seo agus measadh gur cuireadh na nósanna imeachta iniúchta a forbraíodh sa Lámhleabhar Iniúchta Airgeadais i bhfeidhm go comhsheasmhach nuair a bhí iniúchtaí á reáchtáil. Tá tuiscint mhaith ag an bhfoireann ar fad ar nósanna imeachta dearbhaithe cáilíochta agus cuireadh i bhfeidhm go comhsheasmhach iad. Sa chás go n-aimsítear réimsí a bhféadfaí iad a fheabhsú tá na pleananna gnímh soiléir agus déanann na Boird Iniúchta agus Bainistíochta dlúthmhonatóireacht orthu, de réir mar is cuí. Áirítear oiliúint foirne anseo.

- 104.** Thugamar faoi deara go gceanglaítear ar an bhfoireann a comhlíontacht le caighdeán eiticiúla ábhartha i ndáil le gach rannpháirtíocht iniúchta airgeadais aonair a fhógairt. Bhí sé soiléir go bhfuil tuiscint mhaith ag an bhfoireann ar na caighdeáin seo agus ar cheanglais CIRC 1 ag gach leibhéal laistigh de OARCC. Tuairiscítear torthaí na n-iniúchtaí airgeadais aonair sna tuairimí iniúchta atá le fáil i ndeimhniú gach Cuntais. Déantar obair leantach bunaithe ar na moltaí atá le fáil i meabhráin críochnaithe iniúchta agus litreacha bainistíochta OARCC a chuirtear chuig gach eintiteas iniúchta i rith iniúchadh na bliana dár gcionn. Áirítear i dtuarascáil Bhliantúil feidhmíochta OARCC anailís ar na moltaí de réir na catagóire bunaithe ar litreacha bainistíochta ach, ainneoin go bhfoilsítear an tuarascáil seo ar shuíomh gréasáin OARCC, ní thuairiscítear chuig an Dáil í.
- 105.** Tuairiscítear feidhmíocht OARCC maidir le hiniúchtaí reachtúla airgeadais a chur i gcrích ina Tuarascáil Bhliantúil Feidhmíochta agus, ó 2016, i dTuarascáil Speisialta de chuid an AC&C.

- 106.** In 2019, dheimhnigh an AC&C 292 Cuntas.³⁹ Faoi dheireadh Mheán Fómhair 2019, bhí Cuntais deimhnithe ag an AC&C a chlúdaigh 95% de chaiteachas an Rialtais láir, rud a chomhlíon sprioc bheartaithe OARCC (féach ar Fhíor 2). Bhí líon na n-iniúchtaí aonair deimhnithe faoin dáta céanna cothrom le thart ar 66% de líon iomlán na n-iniúchtaí i gcomparáid le sprioc de 70% (féach ar Fhíor 3).


Fíor 2: OARCC — Iniúchtaí deimhnithe de réir luach airgeadúil 6 mhí agus naoi mí i ndiaidh dheireadh na bliana airgeadais, 2013 go dtí 2018^a



Foinse: Oifig an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste

Nóta: a Bliain an iniúchta. Mar shampla, rinneadh iniúchadh ar chuntais 2017 in 2018.

Fíor 3: OARCC — Iniúchtaí deimhnithe de réir líon 6 mhí agus naoi mí i ndiaidh dheireadh na bliana airgeadais, 2013 go dtí 2018




Foinse: Oifig an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste

³⁹ Atá comhdhéanta de 280 iniúchadh le blianta cuntais dar críoch 2018 agus 12 chuntas le haghaidh

- 107.** Faoi dheireadh na bliana bhí beagnach na hiniúchtaí pleanáilte ar fad curtha i gcrích, agus bhí líon na gcuntas neamhdheimhnithe laghdaithe go dtí 9 gcuntas, agus breis is 60 cuntas i gceist in 2014 (féach ar Fhíor 4).


Fíor 4: OARCC — Cuntais neamhdheimhnithe ag deireadh na bliana 2013 go dtí 2018



- 108.** Rinneamar athbhreithniú ar an méid ama a thóg sé ar eintitis Cuntais a chur ar fáil don AC&C lena n-íniúchadh agus an méid ama a thóg sé ar OARCC a hiniúchadh a chur i gcrích agus na Cuntais a dheimhniú (féach ar Fhíor 5). In 2019, bhí an meánmhéid ama a thóg sé ar eintitis a gCuntais a chur ar fáil cothrom le 90 lá. Bhí a gcuntais curtha ar fáil ag 77% d'eintitis trí mhí tar éis dheireadh na bliana.⁴⁰ Ba cheart dúinn a admháil nach gclúdaíonn an méadracht seo cáilíocht na n-aighneachtaí, agus bíonn éagsúlacht le tabhairt faoi deara gan amhras. Ina dhiaidh sin, thóg sé 195 lá an t-íniúchadh a chur i gcrích agus níor comhlíonadh an sprioc 70% go dtí deireadh mhí Dheireadh Fómhair. Tá an chomparáid a rinneadh le piaraí suntasacha idirnáisiúnta maidir le hamanna soláthair mífhábhach ach baineann na hamanna i gceist, tríd is tríd, le srianta acmhainní laistigh de OARCC agus a modhanna oibre.

⁴⁰ I gcás fhormhór na n-eintiteas, is é an 31 Márta trí mhí i ndiaidh dheireadh na bliana. I gcás roinnt eintiteas san earnáil oideachais, is é an 31 Samhain nó an 31 Nollaig trí mhí i ndiaidh dheireadh na bliana.

Fíor 5: Dréachtchuntais 2018 faighte agus deimhnithe, 2018



Foinse: Oifig an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste

- 109.** Tá tuiscint mhaith ag an AC&C ar tháirgeadh tráthúil ráiteas airgeadais iniúchta mar ghné thábhachtach de chóras éifeachtach cuntasachta le haghaidh airgead poiblí agus tá sé seo sonraithe ina thuarascálacha poiblí.⁴¹ Tá OARCC dírithe go daingean ar fheidhmíocht fhoriomlán saréimseseo a fheabhsú agus tá fianaise ar an méid seo le tabhairt faoi deara sa laghdú an-suntasach ar líon na gCuntas atá amuigh ag deireadh na bliana.

Conclúid

- 110.** Chinneamar go gcomhlíonann cáilíocht agus tuairisciú iniúchta OARCC, chomh fada is a bhaineann le hiniúchadh airgeadais, caighdeán CIUFI in an-iomláine.
- 111.** Tá an cleachtas iniúchta airgeadais ag feidhmiú go maith agus mhol na páirtithe leasmhara ar fad an ghairmiúlacht agus ardchaighdeán na hoibre. Is léir, áfach, go mbainfeadh an córas foriomlán le haghaidh chuntasacht agus thrédhearcacht an chaiteachais phoiblí in Éirinn go leor tairbhe as faisnéis níos tráthúla trí chuntais deimhnithe a chur ar fáil don Dáil níos tapa. Cheanglódh sé seo ar na heintitis iniúchta agus ar OARCC oibriú i ndlúthchomhar chun an próiseas a shruthlíniú agus éifeachtúlacht fhoriomlán an chórais a fheabhsú.

Moladh 7

- 112.** Molaimid go leanfadh OARCC le béim shuntasach a leagan ar amanna soláthair dá hiniúchtaí airgeadais a laghdú. Ba cheart do OARCC athbhreithniú a dhéanamh go rialta ar a cuir chuige iniúchta i gcomparáid le dea-chleachtas agus na cuir chuige sin a chur i bhfeidhm go comhsheasmhach ar fud na hOifige. Chomh maith leis sin, ba cheart do OARCC a clár agus a bainistíocht tionscadail a fheabhsú, lena n-áirítear rialú docht ar bhuiséid agus comhordú níos éifeachtaí le heintitis iniúchta chun an próiseas iomlán a bhainistiú.

⁴¹ Tuarascáil Speisialta AC&C Uimhir 95 – Tuairisciú Airgeadais san Earnáil Phoiblí Samhain 2016.

Freagra OARCC: glactha

- 113.** Leanfaidh OARCC le béim shuntasach straitéiseach a leagan ar thráthúlacht an iniúchta airgeadais idir 2021 – 2025. Faoin straitéis reatha, príomhchuspóir ba ea líon na gcuntas nach raibh deimhnithe ag deireadh na bliana a laghdú. Ó tharla go bhfuil sé seo ionann is curtha i gcrích, tá níos mó airde á tabhairt ar thráthúlacht i rith na bliana. Teastaíonn iarracht ní hamháin ó OARCC chun dul chun cinn a dhéanamh sa réimse seo ach ó pháirtithe eile a bhfuil baint acu leis an bpróiseas, lena n-áirítear comhlachtaí iniúchta, máthair-ranna, déantóirí rialacha agus iad siúd a bhfuil feidhmeanna maoirseachta acu.
- 114.** Laistigh de OARCC, leanfaimid ar aghaidh le hathbhreithniú criticiúil a dhéanamh ar ár gcur chuige iniúchta. Beidh fianaise air seo le fáil i gclár oibre an Aonaid Cháilíochta agus Chaighdeáin, agus tarraingeofar aird ar na príomhghnéithe sa straitéis don tréimhse idir 2021-2025.
- 115.** Lena chois sin, tá athbhreithniú gníomhach á dhéanamh againn ar ár gcórais faisnéise gnó, lena áirithiú go bhfuil an fhaisnéis riachtanach ar fad ar fáil ar bhonn tráthúil, chun eolas a chur ar fáil dár gclár iniúchta agus chun acmhainní a chur ar fáil. Sonrófar na hamlínte chun príomhfheabhsuithe a sholáthar sa straitéis le haghaidh 2021 – 2025.
- 116.** Chomh maith leis sin, forbróimid straitéis shonrach rannpháirtíochta, a mbeidh fianaise uirthi le fáil sa straitéis fhoriomlán, maidir le páirtithe leasmhara eile a mbeidh gá lena n-iarrachtaí siúd freisin chun dlús a chur le tráthúlacht an iniúchta airgeadais.
- 117.** Ar deireadh, breithneoidimid aon impleachtaí a bheadh ann d’acmhainní OARCC, a bheidh mar bhonn leis an bpróiseas bliantúil meastachán.

Réimsí eile le breithniú

- 118.** I rith an phiarmheasúnaithe shainaithníomar roinnt réimsí atá le breithniú ag OARCC nuair a bheidh a céad phlean straitéiseach eile á forbairt aici i dtreo dheireadh 2020.

Éifeachtúlacht an phróisis iniúchta airgeadais

- 119.** Tá an cleachtas iniúchta airgeadais ag feidhmiú go maith. Tá na comhaltaí foirne gairmiúil agus tá tuiscint mhaith acu ar a ról agus ar a bhfreagrachtaí. É sin ráite, áfach, thugamar faoi deara go bhfuil cuid de na modhanna atá in úsáid dian ó thaobh próisis de agus go dtógann sé go leor ama iad a chur i gcrích, cosúil le bheith ag brath an iomarca ar thástáil shubstainteach ag leibhéal an idirbhirt. I dtéarmaí ginearálta, leagann an t-iniúchadh airgeadais béim shuntasach ar acmhainní foirne OARCC ag am ina bhfuil OARCC ag iarraidh acmhainní a chur ar fáil chun tabhairt faoi bhreis oibre iniúchta feidhmíochta. Creidimid go bhfuil deiseanna suntasacha ann chun éifeachtúlacht an phróisis iniúchta airgeadais trí chéile a fheabhsú gan ligean do cháilíocht an iniúchta dul i laghad. Bheadh sé seo mar bhonn freisin le hamanna soláthair níos tapa agus d’fhéadfaí am foirne a chur ar fáil freisin chun tabhairt faoi obair eile. Chabhródh sé leis na nithe seo a leanas:

- próisis athbhreithnithe a shruthlíniú agus struchtúr níos cothroime a bhreithniú chun iniúchtaí airgeadais a bhainistiú;
- úsáid a bhaint as deiseanna piarfhoghlama (le comhlachtaí seachfhoinsithe, UFlanna eile, mar shampla) chun modheolaíochtaí iniúchta airgeadais a shruthlíniú;
- tacú le breis comhsheasmhachta sa chleachtas oibre ar fud OARCC; agus
- níos mó béime a leagan ar chostaisiniúchta

120. Sa mheántearma, ní mór do OARCC a bheith níos feasaí ar athruithe níos ginearálta sa ghairm iniúchta agus ar chuir chuige iniúchta nua atá ag teacht chun cinn cosúil le húsáid anailísíochta sonraí. Bheadh an fhéidearthacht go mbeadh Rialtas na hÉireann ag iarraidh bogadh i dtreo úsáid a bhaint as cuntasáíocht fabhráithe sa mheántearma mar bhonn freisin le brú a chruthú chun deimhniú níos tapa maidir le Cuntais a chinntiú.

Luach níos fearr a chruthú d'eintitis iniúchta ó iniúchadh airgeadais

121. Nuair a bhí athbhreithniú á dhéanamh ar an gcleachtas iniúchta airgeadais, labhraíomar le roinnt ceannairí sinsearach in eintitis iniúchta. Chualamar arís agus arís eile go bhfuil ardmheas ar fhoireann OARCC i ngeall ar a gairmiúlacht agus a neamhchlaontacht. É sin ráite, cé go raibh caidreamh dearfach idir an fhoireann, is leibhéal oibre a bhí i gceist agus bhíothas dírithe ar an bpróiseas iniúchta a bhainistiú. Go minic bíonn cumarsáid fhoirmiúil faoi iniúchtaí, cosúil leis na meabhráin Phleanála agus Chríochnaithe Iniúchta, iontach cineálach, agus ní thugtar léargas suntasach iontu ar thuiscint dhoshéanta OARCC arghnó an eintitis. Ní raibh mórán rannpháirtíochta leantaíle tabhairt faoi deara ag leibhéil shinsearach lasmuigh de láimhseáil saincheisteanna láithreacha iniúchta agus bhí an tuiscint ann nach raibh eintitis iniúchta ag baint an méid tairbhe agus a d'fhéadfaidís as eolas agus saineolas domhain OARCC ar an earnáil phoiblí nó as a tuiscint ar leith dea- chleachtas a shainaithint agus a roinnt.

122. Creidimid go bhfuil deiseanna suntasacha ann caidreamh níos láidre a bhunú le heintitis iniúchta. D'fhéadfadh sé seo deis a chruthú chun cáilíocht na léargas a thugtar trí na hiniúchtaí airgeadais a fheabhsú a bheadh mar bhonn le cuntasacht agus trédhearcacht feabhsaithe don Dáil agus don tsochaí shibhialta trí chéile. Chomh maith leis sin, d'fhéadfadh sé breisluach níos fearr ón bpróiseas iniúchta a chur ar fáil do ranna agus do chomhlachtaí iniúchta eile.

123. Creidimid go gcabhródh sé leis na nithe seo a leanas:

- caidreamh oibre gairmiúil a threisiú idir foireann bainistíocht sinsearach OARCC agus príomhchomhaltaí foirne sinsearach sa Rialtas chun comhthuiscint agus cainéil chumarsáide a chur chun cinn;
- cumarsáid a chur in oiriúint ar bhealach níos sonraí do riachtanais agus d'imthosca ranna agus comhlachtaí iniúchta aonair;
- breis rannpháirtíochta le coistí iniúchta.



5.2 Iniúchadh feidhmíochta

- 124.** Diríonn iniúchadh feidhmíochta ar cibé an bhfuil nó nach bhfuil gnóthais, córais, oibríochtaí, cláir, gníomhaíochtaí agus eagraíochtaí Rialtais ag feidhmiú de réir phrionsabail na barainneachta, na héifeachtúlachta agus na héifeachtachta, agus é mar aidhm go mbeadh na hiniúchtaí mar bhonn le feabhas suntasach ar reáchtáil oibríochtaí agus clár Rialtais. Cuirtear é seo i gcrích trí fheidhmíocht a scrúdú bunaithe ar chritéir oiriúnacha agus moltaí le haghaidh feabhais a chur ar fáil.⁴² Cosúil le hiniúchadh airgeadais, ceanglaíonn CIUFIanna ar UFIanna
- caighdeán iniúchta a ghlacadh atá de réir phrionsabail bhunúsacha an iniúchta feidhmíochta agus iad a chuimsiú i bpolasaithe agus i nósanna imeachta a léiríonn comhthéacs an UFI;
 - córas a bhunú lena áirithiú go bhfuil an inniúlacht agus na scileanna gairmiúla riachtanacha ag comhaltaí foireann iniúchta chun an t-iniúchadh a chur i gcrích;
 - bearta rialaithe cáilíochta a chur chunfeidhme.
- 125.** Go minic bíonn sainordú dlí UFI leathan agus bíonn raon an iniúchta feidhmíochta solúbtha. Ní mór do UFIanna cinneadh a dhéanamh maidir le conas a roghnaíonn siad topaicí iniúchta a chlúdaíonn saincheisteanna suntasacha agus a bhfuil tionchar acu.

Tátail

- 126.** Bíonn dhá chineál Tuarascáil i gCleachtas Iniúchta Feidhmíochta OARCC, ar a dtugtar Tuairisciú go ginearálta — Caibidlí agus Tuarascálacha Speisialta. Is éard a bhíonn i gceist le Caibidlí tuarascálacha iniúchta feidhmíochta bunaithe ar nithe a eascraíonn ón iniúchadh bliantúil ar Chuntais Leithreasa ranna Rialtais nó rialuithe tuairiscithe airgeadais sna ranna sin. Úsáidtear Tuarascálacha Speisialta le haghaidh gach iniúchadh feidhmíochta eile nó le haghaidh aon nithe ginearálta a eascraíonn ó scrúduithe iniúchta, mar atá sainmhínithe in *Acht an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993*.

Caighdeán Iniúchta Feidhmíochta agus Bainistíocht Cáilíochta

- 127.** In 2017, ghlac OARCC go foirmiúil le Caighdeán Idirnáisiúnta d’Uasfhórais Iniúcháireachta le haghaidh iniúchtaí feidhmíochta (CIUFI 3000) EIUFI mar a creat iniúchta. Thugamar faoi deara gur shonraigh OARCC ar a suíomh gréasáin “go ndéantar gach scrúdú de réir na gcaighdeán idirnáisiúnta”.
- 128.** I ndiaidh glacadh leis na caighdeáin, d’athbhreithnigh agus d’athsheol OARCC a Lámhleabhar Tuairiscithe. Bhí an Lámhleabhar cuimsitheach agus bhí eolas ann faoi phríomhghnéithe an timthrialla iniúchta feidhmíochta iomlán, dearbhú cáilíochta san áireamh. Lena chois sin, sholáthair sé treoir don fhoireann maidir le réimsí ábhair cosúil le soláthar, tomhas agus tuairisciú feidhmíochta, agus conraitheoireacht.

Tugtar tuilleadh eolais faoi seo in CIUFI 300.


- 129.** Choimisiúnaigh OARCC athbhreithniú seachtrach chun ceanglais CIUFI 3000 agus treoir neamh-údarásach ghaolmhar a mhapáil don Lámhleabhar Tuairiscithe chun bearnaí poitéinsíúla a shainaithint. I dtuarascáil a cuireadh i dtoll a chéile i Meitheamh 2018, chinn an comhairleoir go raibh OARCC comhsheasmhach, a bheag nó a mhór, le caighdeán agus treoir CIUFI 3000 ach amháin i gcás ceanglas amháin. Ag an am, níor déileáladh sa Lámhleabhar leis an gceanglas a bhí ann riosca calaoise a bhreithniú. Chomh maith leis sin, tharraing an comhairleoir aird ar roinnt réimsí ina raibh gá le soiléiriú chun a nósanna imeachta oibriúcháin a ailíniú ar bhealach níos fearr le ceanglais áirithe CIUFI 3000.
- 130.** I mí Feabhra 2020, thug ár n-athbhreithniú ar an Lámhleabhar Tuairiscithe le fios go raibh breithniú ar riosca calaoise curtha san áireamh faoin rannóg Pleanála. Don athbhreithniú seo, roghnaíomar thart ar aon trian de gach ceanglas CIUFI 3000 mar bhunús dár n-athbhreithniú comhaid. Nuair a bhí siad á gcuardach sa Lámhleabhar againn, thugamar faoi deara go raibh gá le breis soiléirithe le haghaidh na bpolasaithe agus na nósanna imeachta ionas go mbeidís go hiomlán comhsheasmhach le caighdeán CIUFI 3000. Thugamar faoi deara go raibh roinnt teimpléad agus seicliostaí ag tacú leis an Lámhleabhar. Chabhraigh siad sin chun ceanglais OARCC le haghaidh iniúchtaí feidhmíochta a shoiléiriú. Inár dtuairim, leagadh amach sa Lámhleabhar i dteannta leis na teimpléid agus na seicliostaí polasaithe agus nósanna imeachta iniúchta feidhmíochta a bhí comhsheasmhach, a bheag nó a mhór, le ceanglais CIUFI 3000. Moltar go leanfadh OARCC leis an Lámhleabhar Tuairiscithe a nuashonrú agus a shoiléiriú ionas go mbeidh sé go hiomlán comhsheasmhach le caighdeán idirnáisiúnta.
- 131.** Chinneamar gur leagadh amach sa Lámhleabhar Tuairiscithe an t-ionchas go mbeadh na scileanna, an t-eolas agus an saineolas cuí ag na foirne iniúchta, i dteannta a chéile, chun iniúchtaí feidhmíochta a chur i gcrích. Leagtar amach sa Lámhleabhar freisin breithniú a dhéanamh ar úsáid a bhaint as speisialtóirí agus an próiseas faofa chun speisialtóirí a úsáid sa chás go n-aithnítear a leithéid sin de riachtanais.
- 132.** Sonraítear sa Lámhleabhar Tuairiscithe an gá atá le cruinnithe rialta maidir le dul chun cinn idir an tIniúchóir Sinsearach (an ceannaire tionscadail) agus an Leas-Stiúrthóir atá freagrach as an Tuarascáil. I gcás Tuarascálacha Speisialta agus Caibidlí casta sa tuarascáil bhliantúil, sonraíodh an gá agus nádúr na gcruinnithe athbhreithnithe leis an Stiúrthóir iniúchta. Tá an t-ionchas go mbeidh tuairimí ó na heintitis iniúchta á gceadú agus á gcur de lámh sonraithe go soiléir sa Lámhleabhar.
- 133.** Mar chuid den dearbhú cáilíochta, sonraíodh sa Lámhleabhar go mbeidh Athbhreithneoir Rannpháirtíochta Rialaithe Cáilíochta (ARRC) sannta do gach tionscadal iniúchta a bhaineann le Tuarascáil Speisialta, agus go mbeidh sannadh ARRC do thionscadail le haghaidh Caibidlí rioscabhunaithe. Lena chois sin, sannfar ARRC do gach Iniúchóir Sinsearach atá ag obair go lánaimseartha ar Thuairisciú uair amháin gach trí bliana, ar a laghad. I mí na Samhna 2018, d'fhaomh an AC&C sampla de Thuarascálacha foilsithe a bheidh faoi réir athbhreithniú dearbhaithe cáilíochta, a bheidh éifeachtach in 2019. In 2019, cheap OARCC an comhairleoir chun athbhreithniú cleachtais a dhéanamh ar dhá Thuarascáil. Baineadh úsáid as seo freisin mar fhionnachtaí chun modheolaíocht a fhorbairt le haghaidh athbhreithnithe amach anseo. De bhrí gur chríochnaíomar ár n-athbhreithniú i mí Feabhra 2020, bhí OARCC i mbun próiseas conraitheoireachta le haghaidh seirbhísí gairmiúla le haghaidh tuilleadh athbhreithnithe cleachtais.

Próiseas agus Torthaí an Iniúchta Feidhmíochta

Clúdach agus Roghnú Iniúchta

- 134.** Bhí roghnú iniúchta in OARCC bunaithe ar mheasúnú ar shuntas agus ábharthacht ábhair, mar aon le an n-oireann sé agus conas a oireann sé don chúig phríomhthéama atá sonraithe sa Straitéis Tuairiscithe. Sannadh comhaltaí foirne tiomanta Tuairiscithe d'fhoirne atá freagrach as punanna móra cosúil le hioncam, sláinte, oideachas, nó fostaíocht agus cosaint shóisialta. Rinne siad monatóireacht ar shaincheisteanna agus ar riosca féideartha sna punanna seo ar bhonn rialta. Áiríodh anseo a bheith ag faire amach d'aon nithe suntasacha a d'fhéadfadh eascairt ó iniúchtaí bliantúla Cuntas a d'fhéadfadh a bheith ina n-ábhar de Chaibidil a bheadh le tuairisciú don Oireachtas. Bhí comhaltaí foirne Ginearálta Tuairiscithe agus comhaltaí foirne Tuairiscithe eile freagrach as monatóireacht a dhéanamh ar shaincheisteanna féideartha i bpunanna eile mar chuid d'obair Caibidle eile agus chun topaicí ginearálta, trasearnála agus níos casta a shainathint cosúil le hábhair le haghaidh Tuarascáil Speisialta.
- 135.** Ina Plean Straitéiseach 2016-2020, sainithníodh obair Thuairiscithe mar cheann de thrí thosaíochtaí. Chomh maith leis sin, shonraigh OARCC spriocanna 2020 le haghaidh líon nadTuarascálacha Speisialta agus céatadán ábhar a chuimsíonn téamaí leathana. Sonraíodh cúig théama i Straitéis Tuairiscithe 2018-2020 le haghaidh roghnú iniúchta agus spriocanna sonracha le haghaidh Caibidlí agus Tuarascálacha Speisialta le haghaidh gach ceann den trí bliana. Forbraíodh straitéisí tuairiscithe earnála agus rinneadh iad a athnuachan go tréimhsiúil chun tacú le roghnú topaicí iniúchta gach bliain, cur chuige a raibh le plan iniúchta bhliantúil le haghaidh Tuairiscithe dá bharr. Thugamar faoi deara go raibh ailíniú éifeachtach idir an Plean Straitéiseach agus an Straitéis Tuairiscithe agus go raibh straitéisí tuairiscithe earnála ag tacú go héifeachtach leo.
- 136.** Bhí sé mar aidhm ag an bPlean Straitéiseach, faoi 2020, 10 dTuarascáil Speisialta a fhoilsiú gach bliain agus go mbeadh 20%, ar a laghad, de na Tuarascálacha dírithe ar théamaí leathana. Áiríodh sa Straitéis Tuairiscithe spriocanna incriminteacha chun na figiúirí deiridh seo a bhaint amach faoi 2020. Thugamar faoi deara gur chomhlíon OARCC a spriocanna Caibidle le haghaidh 2018 agus 2019 agus go raibh cuma na maitheasa ar chúrsaí le haghaidh 2020. Cé gur comhlíonadh an sprioc le haghaidh 2018, níor sholáthair OARCC an líon Tuarascálacha Speisialta a raibh súil leis in 2019, agus baineann dúshlán le sprioc 2020 a chomhlíonadh (féach ar Fhíor 6).
-

Fíor 6: Líon na dtuarascálacha sínithe, sprioc i gcomparáid leis an líon iarbhair de réir na bliana, 2018 go dtí 2020



Foinse: Oifig an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste

- 137.** Thugamar faoi deara gur príomhbhacainn é acmhainn OARCC chun obair Thuairiscithe a dhéanamh roimh sprioclón na dtuarascálacha Speisialta a chomhlíonadh. Reáchtáil OARCC iniúchtaí ar Chuntais Leithreasa ranna Rialtais agus ráitis airgeadais bliantúla go leor comhlachtaí Rialtais. Cé go bhfuil líon beag eisceachtaí i gceist, bhí na sainorduithe le haghaidh na n-iniúchtaí airgeadais seo sonraithe sa dlí. Bhí nádúr an tsainordaithe don obair Thuairiscithe lánroghnach, áfach. Dá réir sin, leithdháileadh acmhainní ar iniúchtaí airgeadais foirne ar dtús agus ní raibh an oiread céanna acmhainní ar fáil le haghaidh obair Thuairiscithe. Ina theannta sin, bhí níos mó seans ann go mbeadh comhaltaí foirne Tuairiscithe a bhí ag obair ar phunanna móra ag díriú ar a bpunanna sannta, rud a chiallaigh go raibh comhaltaí foirne Tuairiscithe Ghinearálta agus comhaltaí foirne Tuairiscithe eile i mbun iniúchtaí ar thopaicí níos ginearálta a shainaithint agus a reáchtáil. Dá bharr sin, ní raibh an acmhainn a bhí ar fáil le haghaidh Tuarascálacha Speisialta lenar bhain topaicí iniúchta trasearnála agus níos casta ag teacht leis an sprioclón a bhí sonraithe sa Phlean Straitéiseach agus sa Straitéis Tuairiscithe.

- 138.** Os a choinne sin, thugamar faoi deara go raibh claonadh ann Caibidlí seachas Tuarascálacha Speisialta a chur i dtoll a chéile. Cuireadh Caibidlí i dtoll a chéile gach bliain agus foilsíodh iad faoin 30 Meán Fómhair gach bliain, ag an am céanna leis na Cuntais Leithreasa bliantúla. De bhrí go raibh spriocdháta sonrach i gceist, bhí na Caibidlí níos gonta agus thug siad tús áite do sholáthar foirne laistigh den obair Thuairiscithe. Thugamar faoi deara go raibh cásanna ann roimhe seo inarbh éigean stop a chur le tionscadail Thuairiscithe Speisialta áirithe chun obair Chaibidle a chur i gcrích chun spriocdháta foilsithe na Caibidle a chomhlíonadh. Nuair a bhí an cheist seo á plé leis an bhfoireann bainistíochta agus le comhaltaí áirithe den fhoireann Thuairiscithe, thugamar faoi deara go raibh an chuma ar an scéal nach raibh dóthain dreasachta ann chun tús áite a thabhairt do Thuarascálacha Speisialta seachas Caibidlí. Léirítear i bhFíor 6 thuas gur chomhlíon OARCC an sprioclíon le haghaidh Caibidlí go comhsheasmhach agus go bhfuil an chuma ar an scéal go n-éireoidh léi an sprioc sin a chomhlíonadh arís in 2020. Ach, ní raibh an líon iarbhair agus pleanáilte Tuarascálacha Speisialta ag teacht lena rabhtas ag súil.
- 139.** Ina Plean Straitéiseach, leag OARCC béim ar an tábhacht a bhaineann le difríocht dháiríre agus fhollasach a dhéanamh chun cabhrú leis an riarachán poiblí a fheabhsú agus cuntasacht a éascú. Is bealaí luachmhara iad Caibidlí agus Tuarascálacha Speisialta chun an cuspóir sin a chomhlíonadh. Nuair a bhí an sprioc á sonrú - 10 dTuarascáil Speisialta a fhoilsiú gach bliain ó 2020 - d'aithin OARCC an tábhacht a bhain le hiniúchadh a dhéanamh ar thopaicí níos leithne, trasearnála agus níos casta a bhféadfadh baint a bheith acu le roinnt ranna Rialtais agus a bhféadfadh comhlachtaí Rialtais a bheith san áireamh iontu freisin. Molaimid do OARCC cothromaíocht níos fearr a chinntiú idir líon na gCaibidlí agus na dTuarascálacha Speisialta ina cuid oibre Thuairiscithe.
- 140.** Chruthaigh an srian a bhí ar acmhainní mar aon leis an gclaonadh a bhí ann tabhairt faoi obair Chaibidle dúshlán chomh fada is a bhain leis an sprioclíon Tuarascálacha Speisialta a chomhlíonadh. D'fhonn dul i ngleic leis an srian ar acmhainní, lorg OARCC breis maoinithe ón Oireachtas thar thréimhse trí bliana. San áireamh sa chás gnó don iarratas maoinithe bhí cur chuige céimnithe maidir leis an méadú ar chéatadán na foirne Thuairiscithe in OARCC ó 19% in 2019 go dtí 24% in 2022, agus an sprioc dheiridh de 25% in 2023. Chuir an fhoireann bainistíochta in iúl dúinn go bhfuair OARCC 70% den mhaoiniú breise a lorgaíodh le haghaidh 2020.
- 141.** Maidir le clúdach iniúchta eintiteas, scrúdaigh obair Thuairiscithe 2018 agus 2019 raon leathan ranna Rialtais agus bhí comhlachtaí Rialtais san áireamh freisin. Breithníodh gach punann mhór le haghaidh obair Chaibidle gach bliain; rinneadh measúnú riosca ar ranna eile agus níor breithníodh iad le haghaidh iniúchtaí chomh minic céanna. Maidir le clúdach iniúchta ábhar, chabhródh aghaidh a thabhairt ar spriocanna sonraithe le haghaidh Tuarascálacha Speisialta le OARCC tionchar níos suntasaí a bheith aici mar atá curtha inaiúl ina Plean Straitéiseach.

⁴⁴ Tuarascálacha Speisialta 100 go dtí 109.

142. Chuir an fhoireann bainistíochta in iúl dúinn go raibh iniúchtaí airgeadais agus feidhmíochta curtha i gcrích ag an bhfoireann iniúchta. Tá eolas agus scileanna i ndisciplín amháin ag an bhfoireann Tuairiscithe ar fad — tuairisciú agus iniúchadh airgeadais. Thuig OARCC an gá a bhí le tacair scileanna eile agus cheap sí speisialtóirí san am a chuaigh thart chun cabhrú leis na foirne tionscadail. Chomh maith leis sin, thacaigh OARCC le comhaltaí foirne iniúchta a bhí ag tabhairt faoi cháilíochtaí iarchéime in anailís beartais leis an bhForas Riaracháin.⁴³ D'fhéadfadh go mbeadh an easpa disciplíní eile agus saineolais i réimsí eile ag cur bac ar ábhair eile arbh fhiú iniúchadh a dhéanamh orthu a shainaithint agus a bhreithniú. Is tacar tábhachtach scileanna é iniúchadh airgeadais ach b'fhéidir nach leor é fós chun cineálacha eile saincheistean ar cheart scrúdú iniúchta a dhéanamh orthu a shainaithint. D'fhéadfadh easpa saineolais shonraigh a bheith mar bhonn le hábhar a fhágáil gan iniúchadh agus a fhágáil as an áireamh ó scrúdú a bhféadfadh tairbhe shuntasach a bheith ag baint leis. Moltar do OARCC measúnú a dhéanamh ar a meascán foirne agus breithniú a dhéanamh ar cathain ba cheart comhaltaí foirne a earcú, más ceart, agus cur le saineolas na foirne i réimsí sonracha chun tacú ar bhealach níos fearr lena cuid oibre Tuairiscithe.


Pleanáil, Cur chun Feidhme agus Tuairisciú Iniúchta

143. In 2018 agus 2019, shínigh agus sholáthair an AC&C 53 Tuarascáil san iomlán, inar cuimsíodh 43 Caibidil agus 10 dTuarascáil Speisialta⁴⁴. Go ginearálta, bhí Caibidlí na gcuntas bliantúil á gcur i gcrích taobh istigh d'amfráma gearr agus bhí dáta socraithe foilseacháin, an 30 Meán Fómhair, sonraithe gach bliain. Ar an meán, bhí na hamanna pleanáilte agus iarbhire tionscadail le haghaidh Caibidlí mar an gcéanna, thart ar 8 mhí. Rinneadh scrúdú ar thopaicí níos ginearálta i gcéimeanna thar thréimhse roinnt blianta nó rinneadh iniúchadh orthu mar thopaicí Tuarascálacha Speisialta. Ar an lámh eile, bhí Tuarascálacha Speisialta sínithe, tíolactha agus foilsithe de réir agus nuair a bhí siad réidh. Bhí amlínte ar leith i gceist le haghaidh na n-iniúchtaí seo agus go ginearálta bhí siad á gcur i gcrích thar thréimhse i bhfad níos faide (féach ar Fhíor 7).

⁴³ Máistreacht san Eolaíocht Eacnamaíochta san Anailís Beartais, cúrsa dhá bhliain, nó Dioplóma Iarchéime san Anailís Beartais, cúrsa bliana. Tá na cúrsaí á gcreidiú ag Ollscoil Náisiúnta na hÉireann.

⁴⁴ Tuarascálacha Speisialta 100 go dtí 109.

**Fíor 7. Tuarascálacha Speisialta pleanáilte agus amanna iarbhire tionscadail caite (líon na míonna)
2018 go dtí 2020**



Foinse: Oifig an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste.

Tabhair faoi deara: a Is uimhreacha sealadacha tuarascálacha iad seo. Sanntar uimhir thuarascála nuair a shínítear an tuarascáil.

- 144.** Chun tástáil a dhéanamh ar conas a chuirtear iniúchtaí feidhmíochta i gcrích i gcleachtas, roghnaíomar sampla de dhá Chaibidil agus de dhá Thuarascáil Speisialta a cuireadh i gcrích in 2018 agus 2019 le hathbhreithniú. Chomh maith leis sin, chuireamar torthaí an dá Thuarascáil a ndearnadh athbhreithniú cleachtais orthu in 2019, mar atá sonraithe ag mír 133 thuas, san áireamh. I gcás na gcomhad a ndearna muid athbhreithniú orthu, bhuaileamar leis na foirne tionscadail chun teacht ar thuiscint ar an bpróiseas agus d'arramar orthu na comhaid agus na doiciméid a thaispeáint dúinn chun léargas a thabhairt ar chomhlíontacht leis na ceanglais atá luaite i gcaighdeán CIUFI 3000 agus i Lámhleabhar Tuairiscithe OARCC. Chuige seo, rinneamar seiceáil tástála ar a bpróisis iniúchta bunaithe ar 14 as 41 ceanglas CIUFI 3000.
- 145.** I rith chéim pleanála an scrúdaithe, thugamar faoi deara go ndearna na foirne cur síos ar an gcúis gur bhain suntas leis an topaic iniúchta i nDoiciméad Scóipe na Tuarascála. Sa Doiciméad Tionscanta Tionscadail, dhoiciméadaigh na foirne an tionchar a d'fhéadfadh a bheith ann agus na buntáistí a rabhtas ag súil leo mar thoradh ar an scrúdú a dhéanamh. Chomh maith leis sin, rinne na foirne cur síos ar a gcur chuige agus modheolaíocht ghinearálta don scrúdú iniúchta sna doiciméid phleanála sin.
- 146.** Leagadh amach sna doiciméid phleanála críochnaithe agus faofa na comhaltaí foirne a raibh baint acu leis an scrúdú iniúchta ach níor tugadh mórán sonraí faoi mheasúnú scileanna agus inniúlacht na foirne. Ónár bplé leis na hiniúcháirí Sinsearach agus Leas-Stiúrthóirí le haghaidh na gcomhad a ndearna muid athbhreithniú orthu, thugamar faoi deara gur dhéileáil comhaltaí foirne tionscadail leis an ngá a bhí le hinniúlacht riachtanach na foirne trí chéile. Tuairiscíodh toradh mórán mar an gcéanna in athbhreithniú cleachtais 2019. Ní mór an measúnú ar scileanna agus inniúlacht na foirne don scrúdú iniúchta a dhoiciméadú ar bhealach níos fearr chun ceanglais CIUFI 3000 agus an Lámhleabhair Tuairiscithe a chomhlíonadh ina n-iomláine.
- 147.** I gcéim reáchtáil an scrúdaithe iniúchta, thugamar faoi deara go raibh cuspóirí iniúchta inár gcomhaid shimplacha sonraithe agus doiciméadaithe sa Doiciméad Tionscanta Tionscadail. Le haghaidh ár sampla féin, chuamar i gcomhairle leis na foirne agus roghnaíomar dhá bhreathnóireacht a bhí mar thoradh ar bhreithiúnas nó a measadh ardriosca a bheith ag baint leo mar aon le conclúid mhíchuí dá gcruthófaí go raibh siad mícheart. Lorgaíomar agus soláthraíodh cruthú doiciméadaithe cuí le haghaidh na mbreathnóireachtaí seo.

- 148.** Níor aimsíodh fianaise nó doiciméadú le breithniú le haghaidh riosca calaoise. Ach, go dtí le deireanas, ní raibh aon tagairt sa Lámhleabhar Tuairiscithe a cheangail a leithéid sin de bhreithniú. Chomh maith leis sin, i gceann de na Tuarascálacha Speisialta, bhí an t-iniúchadh dírithe ar an riosca a bhain le hiompar míchuí agus coinbhleacht leasa. Fianaise ba ea é seo go raibh rioscaí calaoise agus éagóra ar cheann de phríomhbhreithniúcháin OARCC nuair a bhí iniúchtaí feidhmíochta á roghnú agus á bpleanáil. Ar an gcuma chéanna, ní raibh mórán fianaise ann maidir leis an bplé a rinneadh ar chritéir iniúchta le heintitis iniúchta agus ní raibh an ceanglas seo sonraithe go sainráite sa Lámhleabhar Tuairiscithe. Bunaithe ar an bplé a bhí againn leis na foirne, áfach, is cosúil, tríd is tríd, gur cuid de dhíospóireacht leanúnach le heintitis iniúchta é an plé faoi chritéir iniúchta. Amach anseo, spreagaimid an fhoireann Tuairiscithe critéir iniúchta a chur in iúl d'eintitis iniúchta ar bhealach níos foirmiúla i dtreo dheireadh na céime pleanála agus an méid sin a dhoiciméadú ina gcuid comhad ionas go mbeidh ceanglais CIUFI 3000 á lánurramú.
- 149.** Sa chéim tuairiscithe, thugamar faoi deara gur chuir na foirne tionscadail próiseas láidir ceada i bhfeidhm. Chomh maith leis sin, d'ullmhaigh siad páipéir oibre cuimsitheacha, ina sonraíodh tuairimí ó na heintitis iniúchta agus a ndiúscairt, agus bhí siad comhroinnte leis na heintitis iniúchta. Dheimhnigh Iniúcháirí Sinsearacha go raibh cumarsáid leanúnach acu leis na Leas-Stiúrthóirí agus Stiúrthóirí mar atá sonraithe sa Lámhleabhar Tuairiscithe. Bhí nótaí mínithe ar na doiciméid, déanta ag a maoirseoirí, ag tacú leis seo. Lena chois seo, b'éasca dóibh teacht ar an AC&C. Chuir an fhoireann in iúl dúinn go ndeachaigh siad i gcomhairle leis de réir agus nuair ba ghá.
- 150.** Áiríodh sna Caibidlí agus Tuarascálacha Speisialta a ndearnamar athbhreithniú orthu tuairisc ar an réimse/na réimsí a scrúdaíodh. Bhí ceisteanna iniúchta a raibh sé riachtanach déileáil leo san áireamh le roinnt díobh freisin. I gcásanna ábhartha, bhí tuairisc ar chritéir agus go minic ar a bhfoinsí sna Tuarascálacha. Bhí conclúidí agus moltaí san áireamh sna Tuarascálacha freisin. Thugamar faoi deara, áfach, nach raibh na cuspóirí iniúchta a bhí sonraithe sách soiléir. Dá thoradh sin, bhain deacracht le conclúid dhíreach a dhéanamh ina gcoinne. Ní mór do OARCC iarracht a dhéanamh cuspóirí an iniúchta a shonrú níos soiléire ina tuarascálacha iniúchta feidhmíochta agus conclúid a dhéanamh ina gcoinne, dá réir sin, chun caighdeán CIUFI 3000 a chomhlíonadh ina iomláine.

- 151.** Sonraítear ionchas i gCreat Tomhas Feidhmíochta EIUI gur cheart tuarascálacha iniúchta feidhmíochta a thíolacadh agus a fhoilsiú ar bhonn tráthúil. Ceanglaítear ar an AC&C de réir dlí a Thuarascálacha Speisialta a thíolacadh do na hAiri freagracha a fhoilseoidh iad laistigh de 90 lá. Chinneamar gur chomhlíon OARCC na critéir seo ina n-iomláine sa Chreat. I gcás na gcomhad a ndearnamar athbhreithniú orthu, thíolaic OARCC na Tuarascálacha Speisialta laistigh de chúpla lá tar éis iad a shíniú. Nuair a bhí na dátaí foilseacháin á dtáblú le haghaidh na dTuarascálacha Speisialta ar fad le haghaidh 2018 agus 2019, thugamar faoi deara go raibh an méid ama caite idir dátaí faofa agus foilseacháin Tuarascála idir 4 agus 90 lá, agus gurb é 46 lá an meán. Bíonn an AC&C freagrach as na Cuntais Leithreasa iniúchta a fhoilsiú ar nó roimh an 30 Meán Fómhair gach bliain. Áirítear caibidlí ina Thuarascáil maidir le Cuntais na Seirbhísí Poiblí agus foilsítear iad ag an am céanna. Ba iad na dátaí foilseacháin a bhí luaite le Caibidlí le dhá bhliain anuas an 28 Meán Fómhair 2018 agus an 30 Meán Fómhair 2019.

Conclúid

- 152.** Chinneamar go gcomhlíonann OARCC caighdeán CIUI, a bheag nó a mhór, i ndáil le cáilíocht agus tuairisciú iniúchta in iniúchadh feidhmíochta.
- 153.** Bhí an cleachtas iniúchta feidhmíochta in OARCC ag feidhmiú mar a bheifí ag súil leis. Ainneoin é a bheith intuigthe agus léirithe i gcleachtas go minic, bhainfeadh OARCC tairbhe as ceanglais uile na gcaighdeán idirnáisiúnta a shonrú ar bhonn foirmiúil ina Lámhleabhar Tuairiscithe agus a chinntiú go gcloíonn an fhoireann Tuairiscithe leo.

Moladh 8

- 154.** *Molaimid go sonraíonn OARCC gach ceanglas CIUI ar bhonn foirmiúil mar cheanglais beartais ina Lámhleabhar Tuairiscithe chun comhlíontacht iomlán leo a léiriú. Ba cheart do OARCC seisiúin feasachta agus oiliúna a réachtáil don fhoireann iniúchta feidhmíochta chun cabhrú leo fanacht cothrom le dáta agus caighdeán a chomhlíonadh ar bhealach níos fearr, agus fíorú comhlíontachta a sholáthar ina próisis dearbhaithe cáilíochta agus rialaithe cáilíochta.*

Freagra OARCC: glactha

- 155.** Cé go bhfuil an Oifig sásta – bunaithe ar athbhreithniú a rinne comhairleoir seachtrach i Meitheamh 2018 – go bhfuil Lámhleabhar Tuairiscithe OARCC comhsheasmhach, a bheag nó a mhór, le ceanglais na CIUFlanna, tá cleachtadh ar bun chun an lámhleabhar a nuashonrú chun léargas níos sainráite a thabhairt ar na CIUFlanna agus tagairtí do cheanglais shonracha a chur san áireamh más cuí. Chomh maith leis sin, nuashonrófar nósanna imeachta rialaithe cáilíochta agus dearbhaithe cáilíochta chun comhlíontacht leis an lámhleabhar athbhreithnithe a fhíorú. Táthar ag súil go mbeidh an obair curtha i gcrích i mí na Nollag 2020.

156. Freastalaíonn gach comhalta foirne atá páirteach in obair thuairiscithe ar cheardlann mhíosúil chun saincheisteanna atá ag teacht chun cinn a phlé. Tá sé beartaithe cur chuige struchtúrtha a fhorbairt chun oiliúint a sholáthar maidir le ceanglais CIUFI trí na ceardlanna foirne míosúla.

Réimsí eile le breithniú

157. I rith an athbhreithnithe, shainaithníomar roinnt réimsí atá le breithniú ag OARCC nuair a bheidh a céad phlean straitéiseach eile á forbairt aici i dtreo dheireadh 2020.

Staid reatha OARCC

158. Is eagraíocht atá ag feidhmiú go maith í OARCC. Tá an fhoireann díograiseach, oilte agus tuigeann siad a gcuid ról agus freagrachtaí. Ó oifig níos lú go dtí an staid reatha agus a bheith ag súil le forbairt, tá OARCC anois ag an bpointe go dteastaíonn breis tacaíochta struchtúrtha uathí. Ina theannta sin, bhí an ráta laghdaithe cothrom le thart ar idir 9% agus 13% le blianta beaga anuas agus bhí sé níos airde fiú i gcás na foirne Thuairiscithe. Bhainfeadh tairbhe le struchtúr níos foirmiúla a bheith i gceist i réimsí cosúil le:

- pleanáil foireann oibre;
- bainistíocht tallainne, lena n-áirítear pleanáil comharbais;
- lámhleabhar oibriúcháin agus forbairt agus cothabháil modheolaíochta;
- forbairt uirlisí iniúchta lena n-áirítear úsáid a bhaint as olltíomsú sonraí; agus,
- monatóireacht a dhéanamh ar agus freagairt don úsáid atá á baint ag an Rialtas as forbairtí teicneolaíochta eile cosúil le blocshlabhra (lena n-áirítear criptea-airgeadraí), róbataic agus intleacht shaorga.

Acmhainn institiúideach

159. Tá brú ar na hacmhainní atá ag OARCC. Tá fianaise le fáil air seo sa cleachtas iniúchta feidhmíochta agus go háirithe san obair Thuairiscithe atá mar bhonn leis na Tuarascálacha Speisialta. Ní mór cur le hacmhainní an fhorais thábhachtaigh seo ionas go mbeidh OARCC in ann freastal níos fearr ar an Oireachtas agus ar an bpobal agus cabhrú le riarachán poiblí agus le cuntasacht as úsáid cistí poiblí a fheabhsú. Le cois leanúint lena hiarratas maoinithe le haghaidh OARCC ina hiomláine, d'fhéadfadh OARCC breithniú a dhéanamh ar bhearta inmheánacha eile chun breis acmhainní a sholáthar d'obair Thuairiscithe, go háirithe le haghaidh Tuarascálacha Speisialta. D'fhéadfadh go n-áireofaí anseo, mar shampla:

- spriocanna éifeachtúlachta a mbaineann brú leo ach atá fós inbhainte amach a shonrú le haghaidh cleachtas iniúchta airgeadais agus feidhmíochta araon, ag cruthú dúshláin don fhoireann iad a chomhlíonadh;
- athbhreithnithe próisis a choimisiúnú don dá chleachtas, agus iarracht a dhéanamh próisis a shruthlíniú agus éifeachtúlacht a chinntiú;
- anailís agus cinneadh a dhéanamh maidir le cothromaíocht inmhiannaithe maidir le leithdháileadh acmhainní idir obair thuairiscithe airgeadais agus obair iniúchta feidhmíochta, agus breis beachtaithe a dhéanamh laistigh de Thuairisciú ar leibhéal tiomanta acmhainní le haghaidh Tuarascálacha Speisialta, ag sonrú spriocanna incriminteacha sa phlean straitéiseach nua;

- iniúchadh a dhéanamh ar bhealaí chun laghdú a dhéanamh ar an mbrú a bhíonn ar OARCC le gach Caibidil laistigh de na Cuntais Leithreasa iniúchta a fhoilsiú;
- spriocdhátaí tréimhsiúla chun tuarascálacha a chur ar fáil a shonrú le haghaidh Tuarascálacha Speisialta chun tacú le breis disciplín i ndáil leis an gcuid sin den chleachtas iniúchta feidhmíochta; agus,
- cur leis an acmhainn scríofa tuarascála agus feidhm eagarthóireachta chun tacú leis an AC&C lena athbhreithniú ar dhréacht-tuarascálacha, chun an brú ama a bhaineann leis an gcóras a laghdú agus chun breis ama a chur ar fáil don AC&C chun díriú ar shaincheisteanna straitéiseacha agus conspóideacha.

Tionchar

160. Tá an próiseas aitheanta topaicí iniúchta in OARCC críochnúil agus leantar an treoir sa Straitéis Tuairiscithe agus i dtreoirleabhar straitéise earnáil OARCC. D’ainneoin sin, d’fhéadfaí tacú le sainaitheint níos cuimsithí topaicí iniúchta ionas gur féidir le OARCC breisluach a chruthú agus breis tionchair a bheith aici. Ainneoin go mbíonn an fhoireann iniúchta shinsearaigh ar an eolas faoi shaincheisteanna atá ag teacht chun cinn ina bpunanna, b’fhéidir go gcaillfeadh OARCC an deis scrúdú a dhéanamh ar shaincheisteanna níos leithne, níos ábhartha agus níos réamhbhreathnaithigh a dhéileálann le clár oibre agus le tosaíochtaí Rialtais a bhfuil tionchar suntasach acu ar úsáid cistí poiblí nó leas socheacnamaíoch saoránach. Os a choinne sin, sainaitheintíodhsa Straitéis Tuairiscithe cúig phríomhthéama le haghaidh obair Thuairiscithe ach níor léir gur scrúdaíodh go hiomlán iad. D’fhonn iarracht a dhéanamh níos mó tionchair a bheith aici, ba cheart na nithe seo a leanas a bhreithniú:

- painéal comhairleach a bhunú, foirmiúil nó ad hoc, don AC&C le comhaltacht sheachtrach a d’fhéadfadh léargas a thabhairt dó ar shaincheisteanna reatha a mbaineann tábhacht leo i gcomhthéacs an Oireachtais agus an phobail;
- deis a thabhairt don fhoireann bhainistíochta shinsearach teagmháil a dhéanamh le grúpaí páirtithe leasmhara chun teacht ar thuiscint ar shaincheisteanna ábhartha agus imní d’fhonn cur le torthaí shuirbhéanna na bpáirtithe leasmhara;
- a chinntiú go bhfuil na príomhthéamaí ábhartha faoi láthair, a iarraidh ar an bhfoireann Tuairiscithe topaicí sonracha iniúchta a shainaitheint faoi na téamaí sin; agus,
- athscrúdú a dhéanamh ar an gcur chuige reatha, agus b’fhéidir iarracht a dhéanamh úsáid a bhaint as sainaitheint topaice ag leibhéal braise le haghaidh ranna a bhfuil cláir choitianta nó idirghaolmhara á reáchtáil acu.

6 Acmhainní Daonna agus Oiliúint

6.1 Bainistíocht Acmhainní Daonna

161. Aithnítear i ndearbhú Líoma EIUFÍ (CIUFÍ 1) go mbraitheann éifeachtacht UFI ar a chumas foireann ardoilte a earcú agus a choimeád agus a úsáid go héifeachtach. Ba cheart do UFI polasaithe agus nósanna imeachta acmhainní daonna (AD) a bhunú a sholáthraíonn dearbhú réasúnta dó go bhfuil dóthain pearsanra ar fáil leis an inniúlacht, cumas agus tiomantas riachtanach do phrionsabail eiticiúla. Ba cheart go gclúdódh na polasaithe agus na nósanna imeachta seo, i measc rudaí eile, earcaíocht, forbairt ghairmiúil, meastóireacht feidhmíochta agus ardú céime. Dá réir sin, ceanglaítear ar UFlanna

- (i) freagracht as bainistíocht AD a shannadh do dhuine aonair nó do roinn;
- (ii) straitéis AD a fhorbairt;
- (iii) próisis thrédhearcacha earcaíochta a bhunú, a bhfuil measúnachtaí riachtanas ag tacú leo;
- (iv) meastóireacht a dhéanamh ar fheidhmíocht aonair agus é seo a úsáid mar bhonn le hardú céime, agus timpeallacht shábháilte oibre a chruthú agus a choimeád ina bhfuil saorchead ag comhaltaí foirne ábhair atá ag déanamh imní dóibh a chur in iúl.

Tátail

- 162.** Is foras tábhachtach de chuid Stát na hÉireann é OARCC, a sholáthraíonn táirgí iniúchta riachtanacha nó tábhachtacha trí ghníomhartha comhpháirteacha 174 comhalta foirne iniúchta agus tacaíochta.⁴⁵ Tá oibleagáidí agus freagrachtaí tábhachtacha ar OARCC mar fhostóir na gcomhaltaí foirne seo, agus braitheann sí ar an bhfoireann chun fíor-bhreislúach a chruthú don phobal. Chuige sin, baineann fíorthábhacht le hobair agus le tionchar na bhfeidhmeanna Acmhainní Daonna, agus Oiliúna agus Forbartha in OARCC, bíodh is go bhfuil siad réasúnta beag (4 dhuine), i ndáil leis an soláthar.
- 163.** Tugadh faoi deara inár n-athbhreithniú gur ann d'fheidhm AD agus Oiliúna agus Forbartha atá á bainistiú go gníomhach, agus a bhfuil fonn uirthi dul chun cinn a dhéanamh i ndáil le tacú le hobair OARCC agus leas an phobail. Tá formhór na bhfeidhmiúlachtaí a mbeifí ag súil leo bunaithe agus tá cur chuige gníomhach ann maidir le breis forbartha a dhéanamh ar an bhfeidhm laistigh de OARCC. Reáchtáil OARCC, mar shampla, cleachtadh pleanála le déanaí arb é a bhí mar chríoch leis Straitéis Daoine a chur i dtoll a chéile in earrach 2019. Comhairliúcháin éagsúla a bhí mar bhonn leis an Straitéis Daoine, lena n-áirítear an “Tuarascáil Obair Dhearfach” ó 2019 agus an tuarascáil níos sine ach níos cuimsithí “Suirbhé Rannpháirtíochta Fostaithe Státseirbhíse” a rinneadh in 2017. Tá sé ailínithe, go hindíreach ar a laghad, le Ráiteas Straitéise OARCC, ach níl na naisc seo follasach sa Straitéis Daoine.

⁴⁵ Meánlíon comhaltaí foirne rith 2019.

Comhthéacs

- 164.** D’ainneoin an tionscnaimh áitiúil seo, is den tábhacht é go dtugtar faoi deara go bhfuil struchtúr agus córais bainistíochta daoine OARCC fréamhaithe, ar an gcéad dul síos, sa chóras Státseirbhíse. Is státseirbhísigh “de chuid an Stáit” foireann OARCC agus tá na rialacha ginearálta atá i bhfeidhm i ndáil le státseirbhísigh i bhfeidhm i gcás fhoireann OARCC freisin. Is bacainn mhór é seo, ach baineann buntáistí áirithe leis freisin. Mar shampla, déantar earcaíocht de réir rialacha agus reachtaíocht na Státseirbhíse, ach chomh maith leis sin le tacaíocht ó acmhainn lárnach earcaithe, an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí.
- 165.** Os a choinne sin, ní gá don fhoireann bheag AD in OARCC tabhairt faoi thascanna suntasacha déanta rialacha agus socraithe beartais a bhíonn le déanamh ag eagraíocht fostaíochta, lena n-áirítear an gá atá le margáil ghinearálta faoi phá, nó idirbheartaíocht maidir le go leor coinníollacha ginearálta oibre atá infheidhme i ndáil lena comhaltaí foirne. Ar an gcuma chéanna, tá córas na Státseirbhíse “freagrach as” saincheisteanna a bhaineann le disciplín, casaid, CBFF (an córas bainistíochta feidhmíochta), socruithe le haghaidh saoire bhliantúil, rialacha taistil agus cothaithe, agus socruithe pinsin, agus chomh maith leis sin, is féidir le OARCC cúnamh a fháil ó oifigigh leasa agus seirbhísí sláinte cheirde nuair is gá.
- 166.** Tá na seirbhísí comhroinnte AD (*Peoplepoint* agus Seirbhísí Comhroinnte Párolla) atá á soláthar ag an Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte (ONSC) ríthábhachtach agus is foinse tacaíochta réasúnta nua iad d’obair OARCC. Cé go raibh roinnt fadhbanna ag baint leis an gcóras seo ag an tús, tá ualaí suntasacha obair riaracháin OARCC laghdaithe go suntasach ag an gcóras, de bhrí go bhfuil formhór ghnáthsheirbhísí riaracháin rannóg AD anois á gcur ar fáil go díreach ag ONSC do na comhaltaí foirne. I rith ár bplé, níor chuir an fhoireann bainistíochta in iúl go raibh aon mhian nó aon ghá práinneach le breis neamhspleáchais i ndáil leis an gcineál seosaincheisteanna.
- 167.** I ndáil le struchtúr gráid na foirne (seachas na comhaltaí foirne is sinsearaí), ach ní rátaí pá, agus i ndáil le hoiliúint agus forbairt, mar aon le pleanáil na foirne oibre, tá saoirse áirithe gluaiseachta ag OARCC, ainneoin leibhéal ard srianta a bheith i gceist freisin.

Córais inmheánacha AD

- 168.** Tá na feidhmeanna AD, agus Oiliúna agus Forbartha dea-eagraithe agus tá freagrachtaí soiléire ar dhaoine agus tá comhaltaí foirne ag leibhéal chuí a bhfuil oiliúint AD faighte acu, bíodh is gur cuntasóirí gairmiúla iad na comhaltaí foirne sin. Tá meicníochtaí comhairliúcháin bunaithe, lena n-áirítear “Coiste Comhpháirtíochta” agus Fóram Folláine, chun breis ionchuir foirne a cheadú i bhfachtóirí a bhfuil tionchar acu ar aleas féin.
- 169.** Tá na córais oiriúnach dá n-aidhm, bíodh is nach bhfuil siad sofaisticiúil, agus tá cumas fhoireann AD OARCC tuairisciú ar mhéadracht AD éagsúil éascaithe ag na córais *Peoplepoint*, a sholáthraíonn raon leathan tuarascálacha maidir le méadracht bhunúsach AD. Tá tuairisciú níos sofaisticiúla, maidir le

scileanna laistigh de OARCC, mar shampla, fós teoranta mar gheall ar chórais neamhfhorbartha: ainneoin go bhfuil Creat Inniúlachta bunaithe ag OARCC, ní cheadaíonn córais tuairisciú uathoibrithe ar leibhéal agus easnaimh scileanna in OARCC gan idirghabhálacha de láimh.



- 170.** Tá bac ar chumarsáid AD, agus rochtain dhíreach ag an bhfoireann ar fhaisnéis AD OARCC, mar gheall ar chóras faisnéise a bheith in easnamh. Nuair a chuireamar críoch lenár n-athbhreithniú i mí Feabhra 2020, cuireadh in iúl dúinn go raibh sé beartaithe ag OARCC inlíoan a fhorbairt, a sheolfar in earrach 2020. Tuigtear dúinn go bhfuil sé seo beo ó dheireadh Mhárta 2020. I láthair na huaire, níl aon tairseach AD in OARCC cé go bhfuil tairseach ann le haghaidh *Peoplepoint* agus Seirbhísí Comhroinnte Párolla, a dhéileálann leis na fiosrúcháin is bunúsaí a dhéantar.

Earcaíocht agus ardú céime

- 171.** Chomh fada is a bhaineann le hearcaíocht, tá buiséid fhoriomlána caidheáilte ag leibhéal lárnach, agus déantar maoirseacht lárnach ar phróisis earcaíochta lena chinntiú go bhfuil téarmaí agus coinníollacha fostaíochta ag teacht le rialacha na Státseirbhíse. Tá polasaithe agus cleachtais earcaíochta, is cuma más é OARCC nó an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí atá ina mbun, nó má tá siad á gcur i gcrích laistigh de OARCC, oscailte agus trédhearcach agus tá rochtain ag iarratasóirí ar shásraí aiseolais agus gearáin. Déanann an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe doiciméid don phróiseas earcaíochta a phromhadh roimh ré, lena chinntiú gur ann do chomhsheasmhacht le noirm na Státseirbhíse etc. Níor shíl na bainisteoirí ábhartha gur srian é seo, ghlac siad leis mar leibhéal breise de rialú cáilíochta. Tá iniúcháirí faoi oiliúint á n-earcú ar bhonn rialta, agus tá an líon atá ag brath ar riachtanais OARCC de réir phleananna bliantúla na háite oibre. I láthair na huaire, is cuntasóirí cáilithe nó cuntasóirí faoi oiliúint iad na comhaltaí foirne iniúchta ar fad.
- 172.** Tá an fhéidearthacht ann, nach mbaintear tairbhe aisti go minic, go mbeadh speisialtóirí á n-earcú le haghaidh iniúchtaí feidhmíochta áirithe ar bhonn sealadach, agus is ionann an Straitéis Daoine agus gealltanas a bheith á thabhairt ag OARCC scrúdú a dhéanamh ar cibé ar cheart nó nár cheart di comhaltaí foirne ag an bhfuil scileanna speisialta a earcú seachas scileanna cuntasíochta agus iniúchta. Níl aon rud déanta fós, áfach, chun an riachtanas scileanna a bhaineann le hearcú foirne a athrú.

Bainistíocht feidhmíochta agus spreagadh/dreasachtaí

- 173.** Glactar leis go bhfuil na córais ardaithe céime cothrom (féach freisin ar Chaibidil 4 Rialachas Inmheánach agus Seirbhísí Tacaíochta) agus bíonn comhaltaí foirne ag súil leis, de réir an aiseolais, go mbeidh ardú céime mar thoradh ar fheidhmíocht mhaith le himeacht ama, agus go mb'fhéidir gur eisceacht an fhoireann riaracháin. Go ginearálta, áfach, níl aon nasc díreach idir an córas feidhmíochta agus ardaithe céime, de bhrí nach bhfuil rochtain ag boird agallaimh ar thuarascálacha feidhmíochta – ní mór go mbeadh cinntí bunaithe ar fhoirmeacha iarratais agus ar fheidhmíocht ag agallaimh. Mar sin féin, is féidir leo ceisteanna maidir le feidhmíocht a chur ag agallaimh. Níl córais spreagtha eile a bhaineann le pá, cosúil le harduithe pá nó bónais, i bhfeidhm nó ní bhaineann idirdhealú suntasach leo i dtéarmaí feidhmíochta. Dá ainneoin sin, ní thugtar le fios sa Suirbhé Rannpháirtíochta Státseirbhíse agus inár n-agallaimh féin go bhfuil aon fhadhb mhór ag baint le spreagadh in OARCC.

6.2 Forbairt agus Oiliúint Ghairmiúil

- 174.** D'fhonn a chinntiú go mbíonn an fhoireann oilte go cuí, nuair a bhíonn caighdeán agus modhanna iniúchta gairmiúla agus cothrom le dáta á bhforbairt, ní mór do UFI tabhairt faoi fhorbairt ghairmiúil ar bhealach straitéiseach. Dá réir sin, ceanglaítear ar UFlanna
- (i) pleananna forbartha agus oiliúna gairmiúla a bhunú agus a chur chun feidhme
 - (ii) a chinntiú go bhfuil deiseanna oiliúna agus forbartha á gcur ar fáil ina ndisciplíní iniúchta.

Tátail

- 175.** Déanann OARCC machnamh suntasach ar fhorbairt a cuid daoine. Tá creat inniúlachta forbartha ag OARCC chun teacht ar thuiscint níos fearr ar a riachtanais mar eagraíocht agus chun na riachtanais sin a chur in iúl, mar aon le creat foghlama agus forbartha. Is é an aidhm atá le go leor den iarracht Oiliúna agus Forbartha a chinntiú go bhfaigheann agus go gcothaíonn comhaltaí foirne a gcuid scileanna mar chuntasóirí agus iniúcháirí gairmiúla, agus déantar roinnt iarrachtaí breise scileanna a fhorbairt i ndáil le hiniúchadh feidhmíochta, go háirithe trí chomhaltaí foirne áirithe a spreagadh chun tabhairt faoi cháilíochtaí ag leibhéal Máistreachta go háirithe, agus trí dheiseanna eile a d'fhéadfadh a bheith i gceist a thapú. Is ionann é seo agus infheistíocht shuntasach ama agus airgid foirne a bheith á déanamh ag OARCC. Tá clár meantóireachta curtha i bhfeidhm, atá dírithe ar earcaithe nua agus comhaltaí foirne a fuair ardú céime le déanaí. Reáchtáladh tionscnamh roinnt blianta ó shin a bhí dírithe ar fhorbairt scileanna boga na foirne bainistíochta sinsearaí, ach níl dada eile déanta ó shin.

Conclúidí

- 176.** Chinneamar go gcomhlíonann OARCC caighdeán CIUFI, ina n-iomláine, i ndáil le bainistíocht acmhainní daonna, forbairt agus oiliúint ghairmiúil.
- 177.** É sin ráite, creideann an fhoireann athbhreithnithe go bhfuil an cumas ag OARCC agus go bhfuil sé d'uaimhian ag OARCC tuilleadh forbairtí suntasacha a dhéanamh sa réimse seo, ag cur leis na láidreachtaí atá bunaithe cheana féin.
- 178.** Áirítear i measc na láidreachtaí seo foireann bheag ag a bhfuil uaimhianta suntasacha dá ról, úsáid a bhaint as na lánroghanna suntasacha atá ar fáil do OARCC chun bainistíocht daoine a fheabhsú, agus ag an am céanna tairbhe a bhaint as raon leathan rialacha agus seirbhísí tacaíochta laistigh den chóras Státseirbhíse. Is léir go bhfuil OARCC tiomanta d'fhorbairt foirne agus do chothroime agus folláine san áit oibre. Tá an-fhonn ar na comhaltaí foirne ábhartha cur leis an gcreat inniúlachta reatha agus freagairt d'éilimh ó chomhaltaí foirne agus ó bhainisteoirí sinsearaigh na deiseanna forbartha agus oiliúna atá ar fáil laistigh de OARCC a fheabhsú nó a choigeartú.

- 179.** Dá ainneoin sin, tharraing suirbhé foirne 2017 aird ar roinnt réimsí ina raibh gá le feabhas. D'fhreagair OARCC do chuid acu — mar shampla, níos mó spéise a léiriú i leas na foirne (chreid níos lú ná leath den fhoireann a rinne suirbhé in 2017 “gur mór le OARCC m’fholláine”), ach tá obair fós á déanamh ar réimsí eile, cosúil le bainistíocht feidhmíochta.
- 180.** Shíl an fhoireann athbhreithnithe gur cheart do OARCC leanúint lena córais AD agus forbartha a oibriú, agus cur leis an tacaíocht a bhí á cur ar fáil ag creat na Státseirbhíse. Ainneoin go bhfuil córais tuairiscithe bunaithe chun monatóireacht a dhéanamh ar dhul chun cinn i ndáil le saincheisteanna a bhaineann le bainistíocht daoine, ba cheart do OARCC breithniú a dhéanamh ar conas a bonn eolais a fheabhsú, méadracht a fhorbairt agus tuairisciú maidir le AD agus inniúlachtaí. Ba cheart an Straitéis Daoine a fhorbairt chun tuilleadh amlínte mionsonraithe a sholáthar, ba cheart tabhairt faoi chainníochtú níos fearr cuspóirí agus ailíniú níos follasaí le Ráiteas Straitéise OARCC. D'fhéadfadh measúnú ar riachtanais oiliúna agus forbartha tairbhe a bhaint as measúnú níos leithne ar bhearnaí, ag cur leis an gcur chuige reatha atá dírithe ar éileamh.
- 181.** Leanfar ag glacadh le spreagadh agus le scileanna mar phríomhthosaíochtaí OARCC. Go háirithe, ní mór aird a thabhairt ar dhéileáil le tearcfheidhmíocht agus feidhmíocht feabhsaithe a spreagadh. Chomh fada is a bhaineann le scileanna, tá iarrachtaí dáiríre déanta ag OARCC a comhaltaí foirne a ullmhú don iniúchadh airgeadais, agus chun cohórt ar leith a ullmhú ar bhealach cosúil leis i gcomhair na gceanglas le haghaidh iniúchadh feidhmíochta. Ach ní mór breithniú a dhéanamh (de réir na Straitéise Daoine) ar conas bunachar sonraí scileanna agus inniúlachtaí a fhorbairt laistigh de OARCC agus cibé an bhfuil nó nach bhfuil gá le tuilleadh comhaltaí foirne speisialaithe dá cleachtas iniúchta feidhmíochta.

Moladh 9

- 182.** *Molaimid go leanfadh OARCC ar aghaidh lena cuid oibre agus go mbeadh ról níos lárnaí ag an bhfoireann in OARCC a fhorbairt mar áit mhealltach le bheith ag obair, ag tógáil ar a cur chuige bainistíochta oscailte agus cothrom.*

Freagra OARCC: glactha

- 183.** Cuidthábhachtach d'fhorbairtstraitéis 2021–2025 OARCCa bheidhsarannpháirtíochtfoirne. Lena chois sin, leagfaimid amach gníomhartha sa straitéis chun rannpháirtíocht foirne a fheabhsú tuilleadh sa tréimhse a chlúdaítear sa straitéis.

Moladh 10

- 184.** *Molaimid go bhforbródh OARCC Straitéis Daoine athbhreithnithe mar fho-ghné atá nasctha go horgánach leis an gcéad Ráiteas Straitéise eile, ó 2021, le hamlínte níos follasaí agus le cuspóirí atá níos cainníochtaithe.*

Freagra OARCC: glactha

- 185.** Cuimseofar sa Straitéis Daoine forbairt foirne agus gnéithe rannpháirtíochta foirne dá dtagraítear dóibh mar fhreagairt ar mholtaí piarmheasúnaithe mar aon le príomhréimsí eile. Tá trí shnáithe sa straitéis reatha: infheistiú i ndaoine; áit oibre dearfach, éagsúil agus nuálach a fhorbairt; agus soláthar AD a fheabhsú. Leanfaimid ar aghaidh le gach ceann díobh seo a fhorbairt as seo go ceann cúig bliana, agus beidh cainníochtú spriocanna agus maitrís cur chun feidhme ag tacú leis an obair seo. Eascróidh sé seo ón straitéis fhoriomlán agus beidh sé curtha i bhfeidhm faoin 31 Nollaig 2020.

Moladh 11

- 186.** *Molaimid go ndéanfaidh OARCC breis soiléirithe ina Straitéis Daoine ar a cur chuige maidir leis na scileanna riachtanacha ar fad a fháil dá feidhmeanna ar fad, lena n-áirítear scileanna iniúchta feidhmíochta agus tacaíochta speisialaithe i mbainistíocht acmhainní daonna agus teicneolaíocht faisnéise.*

Freagra OARCC: glactha

- 187.** Maidir le seirbhísí corparáideacha (AD, TFC, airgeadas), déanfaidh OARCC athbhreithniú ar a samhail seachadta reatha lena chinntiú go bhfuil scileanna speisialaithe ar fáil nuair a theastaíonn siad, mar aon le leibhéal cuí acmhainneachta. Beidh an t-athbhreithniú seo curtha i gcrích faoin 31 Nollaig 2020.
- 188.** Maidir lenár gcuid oibre iniúchta airgeadais agus iniúchta feidhmíochta, sainaitheannaimid na scileanna speisialaithe ar mian linn iad a fheabhsú, nó a fhorbairt de réir mar is gá, i rith na tréimhse agus laistigh den straitéis, leagfaimid amach na céimeanna riachtanacha chun cur le hacmhainní gach ceann de na réimsí speisialaithe sainaitheantaseo.

Moladh 12

- 189.** *Molaimid go ndéanfaidh OARCC níos mó breithnithe fhollasaigh ar conas agus cathain a úsáidfear speisialtóirí le haghaidh feidhmeanna tacaíochta, agus do spreagadh agus rannpháirtíocht a leithéid sin d'fhoireann, mar aon leis an bhfoireann riaracháin a sholáthraíonn seirbhís ghinearálta.*

Freagra OARCC: glactha

- 190.** Maidir le seirbhísí corparáideacha (AD, TFC, airgeadas), déanfaidh OARCC athbhreithniú ar a samhail seachadta reatha lena chinntiú go bhfuil scileanna speisialaithe ar fáil nuair a theastaíonn siad, mar aon le leibhéal cuí athléimneachta. Breithneofar san athbhreithniú seo freisin conas luaineacht a chinntiú don fhoireann riaracháin a sholáthraíonn seirbhís ghinearálta, ó tharla nach bhfuil ach deiseanna teoranta ar fáil le haghaidh forbairt ghairme laistigh de OARCC. Beidh sé seo curtha i gcrích faoin 31 Nollaig 2020.

7 Cumarsáid agus Bainistíocht Páirtithe Leasmhara

- 191.** Aithnítear sna CIUFlanna agus i dtreoir ghaolmhar EIUI an tábhacht a bhaineann le cumarsáid agus caidreamh le príomhpháirtithe leasmhara a bhainistiú. Foráiltear go háirithe, sa treoir agus i gCreat Tomhas Feidhmíochta EIUI dea-chleachtais idirnáisiúnta ar féidir le UFlanna aithris a dhéanamh orthu. Ba cheart do UFlanna cumarsáid a dhéanamh le páirtithe leasmhara d'fhonn a chinntiú go dtuigeann siad obair agus torthaí iniúchta UFlanna. Ba cheart do UFlanna a bpáirtithe leasmhara a shainaithint, agus straitéis cumarsáide a fhorbairt. Ceadóidh cumarsáid éifeachtach do na páirtithe leasmhara seo tuarascálacha UFI atá ábhartha dá gcuid oibre a fheiceáil, agus ceadóidh sé don UFI a bheith níos freagrúla freisin do rioscaí atá ag teacht chun cinn agus do chomhthéacsanna athraitheacha.

Tátail

- 192.** Tá Straitéis Rannpháirtíochta bunaithe ag OARCC. Sainaithníodh sa Straitéis príomhpháirtithe leasmhara agus sonraíodh na gníomhaíochtaí rannpháirtíochta leo, lena n-áirítear na nithe a cheanglaíonn rannpháirtíocht, conas agus cathain. Trí úsáid a bhaint as comhairleoirí seachtracha, bhailigh OARCC aiseolas ó pháirtithe leasmhara roinnt uaireanta, cosúil le suirbhé in 2016 agus taighde cáilíochtúil in 2019. D'úsáid OARCC torthaí shuirbhé páirtithe leasmhara 2016 chun cabhrú lena Plean Straitéiseach 2016-2020 a fhorbairt.

- 193.** I rith an athbhreithnithe seo, chuireamar raon páirtithe leasmhara faoi agallamh lena n-áirítear Teachtaí Dála agus foireann Dháil Éireann, an Ceann Comhairle ina measc,⁴⁶ iar-chathaoirleach an Choiste um Chuntais Phoiblí (CCP) agus cléirigh choiste, oifigigh chuntasaíochta ranna Rialtais agus príomhfheidhmeannaigh chomhlachtaí Rialtais, mar aon le hionadaí ó ghnólacht mór poiblí cuntasaíochta. Chomh maith leis sin, d'úsáideamar roinnt den fhaisnéis i dtuarascáil taighde páirtithe leasmhara 2019, go háirithe aiseolas ó roinnt iar-chomhaltaí de CCP. In 2019, fuair an gnólacht taighde aiseolas ó ochtar comhaltaí de CCP ag an am. Chomh maith leis sin, bhuaileamar le comhaltaí foirne OARCC i ngrúpaí agus ina n-aonar.

Cumarsáid leis an Reachtas agus Feidhmeannas

- 194.** Thugamar faoi deara go raibh ardmheas, sa reachtas i measc na n-oifigeach sinsearach sna heintitis iniúchta araon, ar OARCC. Bhí meas acu ar neamhspleáchas OARCC agus chuir siad in iúl go raibh an fhoireann iniúchta an-ghairmiúil. Chuir siad in iúl dúinn go raibh na Tuarascálacha a chuir OARCC i dtoll a chéile soiléir agus dea-scríofa.

D'fhreastail an AC&C ar CCP agus ar na héisteachtaí poiblí ar fad. In 2019, cuireadh in iúl dúinn gur fhreastail sé agus gur ghníomhaigh sé mar fhinné saineolach ag 32 éisteacht.⁴⁷ Foilsíodh na Cuntais Leithreasa iniúchta agus a Thuarascáil ar Chuntais na Seirbhísí Poiblí, a áiríodh iontu gach Caibidil iniúchta feidhmíochta gach bliain, faoin spriocdháta reachtúil, an 30 Meán Fómhair. Thólaic sé a Thuarascálacha Speisialta de réir agus nuair a bhí siad curtha i gcrích. B'ionann iad, agus Caibidlí eile i dTuarascáil na gCuntas, agus ábhair éisteachtaí CCP nuair a bhí siad foilsithe ag na hAirí freagracha. Chuir OARCC in iúl dúinn gur thairg sí, roimhe seo, seisiúin treorach a réachtáil le haghaidh comhaltaí ach nár ghlac ach líon beag comhaltaí páirt iontu. Chomh maith leis sin, sholáthair OARCC nótaí faisnéise maidir le nithe teicniúla ar iarratas ón gCoiste. Chomh maith leis sin, thacaigh OARCC le CCP trí dhuine dá comhaltaí foirne a thabhairt ar iasacht don Choiste chun cabhrú lena comhaltaí mar thaighdeoir. De réir thuarascáil taighde 2019, chreid comhaltaí de CCP, a cuireadh faoi agallamh, go láidir gur thacaigh OARCC lena ról agus lena sainordú díriú ar chaiteachas cistí poiblí.

⁴⁶ Is é Dáil Éireann a thoghan an Ceann Comhairle chun a bheith i gceannas ar ghnó an Tí.

⁴⁷ D'fhreastail an AC&C go pearsanta mar fhinné le haghaidh na n-éisteachtaí seo; d'fhreastail Stiúrthóir Iniúchta mar fhinné le haghaidh éisteacht bhreise amháin ina áit.

- 195.** I rith ár gcuid agallamh, thugamar faoi deara nach raibh a clár iniúchta feidhmíochta pléite go foirmiúil ag OARCC le CCP. Cuireadh iniúldúinn go bhféadfadh Tuarascálacha Speisialta OARCC díriú ar shaincheisteanna ginearálta níos leithne. Ábhar imní ba ea nach raibh mórán faisnéise ag an gCoimisiún faoi na hábhair a gclúdófaí sna Tuarascálacha Speisialta nó cathain a bhfoilseofaí iad. Bhíothas ag iarraidh go mbeadh líon níos mó Tuarascálacha Speisialta a fhoilsítear á bhfaíl ar bhonn níos rialta agus níos intuatha, a chuirfeadh ar chumas an Choiste a chuid oibre a phleanáil. Inár dtuairim féin, tá sé inmholta go ndéanadh OARCC a rannpháirtíocht le CCP a fheabhsú. D'fhéadfadh tuilleadh plé le CCP a gcomhthuiscint a fheabhsú agus cabhrú le OARCC topaicí ábhartha a shainaithint le haghaidh obair iniúchta feidhmíochta amach anseo.
- 196.** Thugamar faoi deara nach raibh tuarascálacha iniúchta feidhmíochta OARCC á n-éisteacht nó á staidéar ag coistí eile den Oireachtas, ná nach raibh caidreamh bunaithe le coistí nó comhaltaí reachtúla eile lasmuigh de CCP. Áirítear i ndea-chleachtais idirnáisiúnta caidreamh éifeachtach gairmiúil le coistí reachtúla ábhartha Oireachtais seachas CCP. De bhrí go gcuireann OARCC tuilleadh iniúchtaí feidhmíochta ar ábhair ghinearálta agus leathana san áireamh, d'fhéadfadh go mbeadh a cuid tuarascálacha níos ábhartha do choistí reachtúla eile. Tá sé inmholta go ndéanadh OARCC breithniú ar theagmháil a dhéanamh le roinnt coistí Oireachtais roghnaithe chun aird a tharraingt ar ról OARCC, ar a sainordú agus tuarascálacha iniúchta feidhmíochta agus go gcabhródh sé le comhaltaí den choiste sin teacht ar thuiscint níos fearr ar thorthaí agus ar chonclúidí iniúchta ionas go mbeidh níos mó tionchair acu.
- 197.** Bunaithe ar na hagallaimh a rinneamar, bhí an caidreamh agus an chumarsáid le heintitis iniúchta ag feidhmiú go maith go ginearálta ach ag leibhéal oibríochtúil go príomha ar bhonn laethúil le leibhéal foirne níos ísle. Tharla an teagmháil agus an plé le hoifigigh chuntasaíochta agus le príomhfheidhmeannaigh ag éisteachtaí na gCuntas Poiblí den chuid is mó. Spreagann dea-chleachtais idirnáisiúnta cumarsáid le hoifigigh shinsearacha chun cabhrú le heintitis iniúchta teacht ar thuiscint níos fearr ar bhreathnóireachtaí iniúchta agus na moltaí a eascraíonn uathu a chur chun feidhme. Os a choinne sin, thugamar faoi deara i rith ár n-agallamh, go raibh an chuma ar an scéal, i gcúpla cás, nach raibh an caidreamh idir OARCC agus na hoifigigh shinsearacha chomh maith agus a d'fhéadfadh sé a bheith. Tá aird tarraingthe ar an bpointe seo i dtuarascáil taighde 2019 chomh maith. Inár dtuairim, d'fhéadfadh níos mó plé idir OARCC agus oifigigh shinsearacha feabhas a chur ar shainaithint ábhar le haghaidh iniúchta agus ráta glactha na moltaí iniúchta a fheabhsú. B'fhéidir gur mhaith le OARCC an cleachtas idirnáisiúnta seo a ghlacadh - tuilleadh teagmhála a dhéanamh chun caidreamh gairmiúil le hoifigigh shinsearacha a chothabháil, ag tosú le roinnt eintiteas roghnaithe.

Cumarsáid leis na Meáin, Saoránaigh agus Eagraíochtaí na Sochaí Sibhialta

- 198.** Sholáthair an Straitéis Rannpháirtíochta ardán maith le haghaidh cumarsáid éifeachtach le páirtithe leasmhara. Ní raibh an bealach a raibh sé seo curtha chun feidhme soiléir, áfach. I mí Dheireadh Fómhair 2019, bhunaigh OARCC Aonad Rialachais nua chun tacaíocht rúnaíochta a chur ar fáil do Choiste Iniúchta OARCC agus a Boird Iniúchta agus Bhainistíochta. I measc cuspóirí éagsúla, áiríodh ina plean oibre straitéis cumarsáide a fhorbairt ag deireadh 2020, i ndiaidh phlean straitéiseach nua OARCC a chur i gcrích. Dar le Stiúrthóir an Aonaid, áirítear i bpleananna freisin úsáid a bhaint as meáin shóisialta ar a suíomh gréasáin chun dul i bhfeidhm ar bhealach níos suntasaí ar an bpobal agus ar eagraíochtaí na sochaí sibhialta.
- 199.** I rith plé leis an bhfoireann, thugamar faoi deara go raibh liosta teagmhálaithe sna meáin ag OARCC. Coinníodh na daoine ar an liosta ar an eolas faoi gach Tuarascáil a bhí le foilsiú, Tuarascálacha Speisialta san áireamh. D'ullmhaigh OARCC preaseisiúint ag an am foilsithe ach níor réachtáladh aon phreasócaidí. Bunaithe ar mhéid an aonaid, ní raibh aon duine sonrach ainmnithe mar theagmhálaí nó urlabhraí do na meáin. Má bhí aon fhiosrúcháin ó na meáin i gceist, go ginearálta ba iad na foirne iniúchta a bhí freagrach as na Tuarascálacha seo a dhéileáil leo. Ní raibh aon chórais nó aon nósanna imeachta ann chun déileáil le hiarratais ó na meáin nó chun súil a choinneáil ar chlúdach na meán cumarsáide. Mheas OARCC go raibh leibhéal chlúdach na meáin réasúnach agus go raibh na tuairiscí cothrom. Ní raibh mórán iarratas le haghaidh agallamh nó ceisteanna ag lorg soiléirithe maidir le tátail sna Tuarascálacha. Mar ghnáthchleachtas, roghnaigh OARCC fiosrúcháin ó na meáin a fhreagairt de réir agus nuair a fuarthas a leithéid. Is cainéal tábhachtach é na meáin chun caidreamh a bhunú leis an Oireachtas agus leis an bpobal. Chomh maith leis sin, is féidir leis na meáin cabhrú le hinfeictheacht agus le creidiúnacht OARCC a bhreisiú. Nuair atá a straitéis cumarsáide nua á forbairt, molaimid do OARCC a bheith níos réamhghníomhaí i ndáil le caidreamh leis na meáin a bhainistíú chun cabhrú le haird an phobail a tharraingt ar ról OARCC agus a cuid tátal maidir le húsáid cistí poiblí.
- 200.** Grúpa páirtithe leasmhara eile é eagraíochtaí na sochaí sibhialta. Chuir foireann OARCC in iúl dúinn nár tharla ach teagmháil theoranta leis an ngrúpa seo. D'fhéadfaí úsáid a bhaint as grúpaí sainspéise, meithleacha machnaimh agus eagraíochtaí neamhrialtais mar fhoinsé faisnéise le haghaidh saincheisteanna arbh fhiú scrúdú iniúchta a dhéanamh orthu. Chomh maith leis sin, d'fhéadfaí iad a úsáid chun torthaí iniúchta a scaipeadh i measc páirtithe leasmhara eile agus an phobail. Tá sé inmholta go sainaitheofaí sa straitéis cumarsáide nua grúpaí sonracha agus go mbreithneofaí conas is fearr oibriú leo.
- 201.** Bunaithe ar na hagallaimh a rinneamar, thugamar faoi deara nach raibh córais agus cleachtais bunaithe ag OARCC chun dul i bhfeidhm ar an bpobal. Is é an príomh-mhodh chun dul i bhfeidhm ar an bpobal foilsiú na dTuarascálacha agus iad a chur ar fáil ar an suíomh gréasáin. Cuirtear chun cinn i dTreoirlíne EIUFI agus sa Chreat Tomhas Feidhmíochta gur dea-chleachtas idirnáisiúnta é go gcothaíonn oifigí iniúchta reachtúil teagmháil leis na saoránaigh. D'fhéadfadh sé seo cabhrú le saoránaigh teacht ar thuiscint ar an gcaoi a bhfuil cistí poiblí á gcaitheamh agus cur lena rannpháirtíocht le forbairt beartais agus an Rialtas a choimeád cuntasach. Tá úsáid a bhaint as na meáin shóisialta chun teagmháil a chothú leis an bpobal sainaitheanta ag an Aonad Rialachais mar thosaíocht. Bhí sé beartaithe ag an Aonad an tionscnamh seo a chur i bhfeidhm in éineacht le nó i ndiaidh fhorbairt agus chur chun feidhme inlín do OARCC. Táimid ag tacú leis an bplean seo agus molaimid do OARCC dlús a chur le cur i bhfeidhm an phlean.

Conclúid

- 202.** Chinneamar go gcomhlíonann OARCC, a bheag nó a mhór, na cleachtais a bhfuil súil leo i gcomhthéacs oibriú leis an reachtas. Tá bearnaí le tabhairt deara in OARCC, áfach, chomh fada isa bhaineann le dea-chleachtais ghinearálta agus dea-chleachtais eile a chomhlíonadh, mar atá sonraithe ag EIUFI i ndáil le rannpháirtíocht le páirtithe leasmhara eile.⁴⁸
- 203.** Tríd is tríd, rinneamar measúnú ar chumarsáid agus ar bhainistíocht páirtithe leasmhara in OARCC ag an “leibhéal forbartha” mar atá sainmhínithe i gCreat Tomhas Feidhmíochta EIUFI. Ciallaíonn sé seo gur ann do na gníomhaíochtaí seo agus go raibh siad ag feidhmiú agus go raibh OARCC i mbun straitéisí nua le haghaidh feabhas a fhorbairt agus a chur chun feidhme. Chabhródh straitéisí cumarsáide nua-fhorbartha a chur chun feidhme le OARCC a bheith níos éifeachtaí. Sa bheis air sin, sholáthródh an fhor-rochtain deis aiseolas ó pháirtithe leasmhara a bhailiú ar bhonn níos rialta agus níos córasaí. D’fhéadfadh sé seo faisnéis a sholáthar le haghaidh tuairisciú feidhmíochta agus cabhrú le OARCC tuiscint a fháil ar an bhfuil sí ag cabhrú le cúrsaí a athrú agus conas.

Moladh 13

- 204.** Molaimid nuair a bheidh a straitéis cumarsáide nua á forbairt ag OARCC, gur cheart di a bheith níos réamhghníomhaí chomh fada is a bhaineann le príomhpháirtithe leasmhara a shainaithint agus oibriú leo ionas go mbeidh sí níos ábhartha agus níos éifeachtaí. Chomh maith leis sin, ba cheart do OARCC príomh-mhéadracht a fhorbairt ina straitéis cumarsáide chun an méid atá OARCC ag cabhrú le difríocht a spreagadh a thomhas agus í a úsáid le haghaidh tuairisciú feidhmíochta.

Freagra OARCC: glactha

- 205.** Glacaimid leis seo mar phríomhréimse feabhais faoi straitéis 2021-2025, agus tabharfar tús áite dó, dá réir sin. Áireofar anseo cur leis an gcumarsáid le comhlachtaí iniúchta trí tháirgí dea-chleachtais nua a fhorbairt a roinnfidh léargais ábhartha ó iniúchtaí ar bhealach níos éifeachtaí. Scrúdóimid bealaí breise chun aiseolas ó pháirtithe leasmhara a bhailiú, i dteannta leis an úsáid atá á baint againn as suirbhéanna páirtithe leasmhara, agus breithneoidimid conas torthaí an aiseolais seo a áireamh inár dtuairisciú feidhmíochta. Beidh spriocanna cainníochtaithe agus mairís cur chun feidhme ag tacú leis na cuspóirí atá sonraithe sa straitéis.

Réimsí Eile le Breithniú

- 206.** I ndáil le bainistíocht cumarsáide agus páirtithe leasmhara, tá réimse amháin le breithniú sainaitheanta againn le haghaidh cleachtadh pleanála straitéisí OARCC in 2020.

⁴⁸ Don fhearann seo, eascraíonn go leor de na critéir in CBF UFI chun measúnú a dhéanamh ar fheidhmíocht, i ndáil le cumarsáid agus bainistíocht páirtithe leasmhara, ó dhea-chleachtas atá sainaitheanta ag EIUFI, seachas ó cheanglais CIUFlanna.

Ag Freastal ar an Dáil agus ar an gCoiste um Chuntais Phoiblí

- 207.** Freastalaíonn OARCC ar an gCoiste um Chuntais Phoiblí ar bhealach éifeachtach. Is finnéseasta é an AC&C agus tacaíonn sé le comhaltaí Coistí in éisteachtaí teacht ar thuiscint ar shaincheistean a bhaineann leis an ábhar agus le tátail agus moltaí a iniúchta. Le Rialtas nua, seisiún nua de Dháil Éireann agus comhaltacht nua sa Choiste um Chuntais Phoiblí, tá deis mhaith ann anois éifeachtacht a fheabhsú ó thaobh staidéar a dhéanamh ar thorthaí scrúduithe iniúchta OARCC. Beidh go leor comhaltaí freisin nach mbeidh taithí acu ar an reachtas roimhe seo. Is deis ardaithe feasachta é seo agus cabhrú leo teacht ar thuiscint ar shainordú, ról agus freagrachtaí an AC&C. Tá uainiú phleanáil straitéiseach OARCC ag teacht le tréimhse na Dála nua. Ina cleachtadh pleanála straitéisí, ba cheart do OARCC breithniú a dhéanamh ar conas is fearr an deis seo a thapú agus freastal ar an Dáil agus ar CCP trí chabhrú leo a bheith níos éifeachtaí. D'fhéadfadh go n-áireofaí anseo, mar shampla:
- le haghaidh comhaltaí de CCP nua, straitéis chun cabhrú leo aird a tharraingt ar ról OARCC ag éisteachtaí agus conas a d'fhéadfaidís díriú ar mhachnamh a dhéanamh ar ábhar iniúchtaí chun a bheith níos éifeachtaí chomh fada is a bhaineann le riarachán agus cuntasacht phoiblí a fheabhsú;
 - deiseanna a sholáthar a chuirfidh ar chumas CCP teacht ar thuiscint níos fearr ar a chuid oibre iniúchta feidhmíochta agus deiseanna a sholáthar do chomhaltaí den Choiste topaicí féideartha le haghaidh iniúchtaí amach anseo a mholadh;
 - le haghaidh chomhaltaí den Dáil, go háirithe iad siúd nach bhfuil mórán cur amach acu ar an reachtas, straitéis a bhfuil sé mar aidhm léi teacht ar thuiscint ar conas a oibríonn an Rialtas agus sainordú, ról agus freagrachtaí OARCC. D'fhéadfaí go n-áireofaí sa chuid seo den straitéis bróisiúr faisnéise atá le cur san áireamh sna pacáistí faisnéise do chomhaltaí nua.
 - le haghaidh comhaltaí de choistí eile Oireachtais, straitéis chun ábhair a shainaithint a bhfuil go leor iniúchtaí atá déanta roimhe seo nó ar cuid iad de phleananna reatha a dtéarmaí tagartha. D'fhéadfadh OARCC nóta i scríbhinn a chur chuig na coistí seo agus achoimre den obair atá déanta agus de na hiniúchtaí atá pleanáilte a chur ar fáil. D'fhéadfadh sé seo feidhmiú mar fhoinsé faisnéise le haghaidh na gcoistí seo nuair a bhí staidéar á dhéanamh acu ar chlár Rialtais agus ar sholáthar na gclár seo do thairbhíthe agus don phobal.



Iarscríbhinn A: Foinsí fianaise

Rinneamar an measúnú trí dhoiciméid a athbhreithniú, comhaltaí foirne in OARCC i ngach ceann de na feidhmeanna iomchuí a chur faoi agallamh, agus páirtithe leasmhara seachtracha a chur faoi agallamh.

Chuir an fhoireann athbhreithnithe raon leathan páirtithe leasmhara faoi agallamh lena n-áirítear

- ionadaithe chomhaltaí agus fhoireann an Oireachtais
- Ard-Rúnaithe, agus oifigigh ó roinnt ranna Rialtais
- Príomhfheidhmeannaigh, agus oifigigh ó roinnt comhlachtaí iniúchtaeile
- comhaltaí seachtracha Choiste Iniúchta OARCC
- iniúcháir inmheánach OARCC (gnólacht san earnáil phríobháideach)
- comhpháirtí ó ghnólacht mór príobháideach san earnáil phríobháideach.

Le cois cúrsaí a phlé le Seamus McCarthy, an tArd-Reachtair Cuntas agus Ciste, chuir an fhoireann na comhaltaí foirne seo a leanas ó OARCC faoi agallamh:

- an Rúnaí agus Stiúrthóir Iniúchta (an stiúrthóireacht um iniúchadh airgeadais agus seirbhísí lárnacha)
- Stiúrthóirí Iniúchta eile
- Leas-Stiúrthóirí Iniúchta
- Roinnt Iniúchóirí Sinsearacha
- Grúpa ionadaíoch foirne ar a raibh oifigeach feidhmiúcháin, beirt iniúchóirí shinsearacha, beirt iniúchóirí agus beirt iniúchóirí faoi oiliúint.

I measc foinsí eile, áiríodh i measc na bpríomhfhoinsí doiciméadacha fianaise:

- Bunreacht na hÉireann
- *Acht AC&C (Leasú) 1993, Acht AC&C 1923, Acht AC&C agus Coistí Thithe an Oireachtais, 1998*
- Ráiteas Straitéise 2016-2020 OARCC
- Tuarascáil Feidhmíochta OARCC 2018
- Taighde agus suirbhé páirtithe leasmhara seachtracha le haghaidh OARCC, 2016 agus 2019
- Cairt Iniúchta Inmheánaigh OARCC 2020, agus Straitéis Iniúchta Inmheánaigh OARCC, 2017
- Bord Iniúchta agus Bord Bainistíochta OARCC – cláir oibre agus miontuairiscí, 2019

- Polasaithe agus nósanna imeachta Bainistíochta Riosca OARCC agus Cláir Riosca OARCC Samh 2019
- Doiciméid phleanála gnó OARCC 2019/2020
- Miontuairiscí Choiste Iniúchta OARCC 2019 (ceithre chruinniú)
- Lámhleabhar iniúchta airgeadais OARCC 2019

- Tuarascálacha dearbhaithe cáilíochta iniúchta airgeadais
- Sampla de chomhaid iniúchta airgeadais
- Cóid Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú
- Lámhleabhar Tuairiscithe OARCC 2019
- Athbhreithniú seachtrach ar lámhleabhar tuairiscithe OARCC, agus nósanna imeachta gaolmhara
- Straitéis Tuairiscithe OARCC 2018-2020, agus straitéisí tuairiscithe earnálacha
- Athbhreithniú seachtrach ar chomhlíonadh Lámhleabhar Tuairiscithe OARCC
- Sampla de chomhaid iniúchta feidhmíochta
- Straitéis Daoine OARCC 2019-2022
- Tuarascáil Achomair Obair Dhearfach OARCC 2019
- Suirbhé Rannpháirtíochta Státseirbhíse OARCC 2017
- Polasaithe AD OARCC
- Creat Foghlama agus Forbartha OARCC
- Pleananna agus cláir oiliúna agus forbartha –cinn éagsúla
- Lámhleabhar nósanna imeachta airgeadais OARCC
- Straitéis TFC OARCC
- Tuarascálacha airgeadais agus iniúchta feidhmíochta OARCC
- Straitéis Rannpháirtíochta OARCC.



